

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013



Fondúireacht
Eolaíochta
Éireann

Taighde do Thodhchaí na hÉireann

Feabhas agus Tionchar

FÍS SFI:


Beidh Éire ina ceannaire eolais domhanda a chuireann taighde eolaíoch agus innealtóireachta i gcroílár a sochaí chun forbairt eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta a chumhachtú.

MISEAN SFI:

Forbróidh agus láidreoidh SFI taighde eolaíoch agus innealtóireachta agus a hinfreastruchtúr sna réimsí a bhfuil an luach straitéiseach is mó leo d'iomaíochas agus d'fhorbairt fadtéarmach na hÉireann.

Íomhá an chlúdaigh tosaigh:

Buaiteoir Chomórtas Íomhá na Bliana 2013 de chuid SFI.



An Dr Rory Heffernan, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Teideal: Nana-ailt (A Nano-ravine)

Léiríonn an íomhá seo na scannáin arna n-úsáid i gceann de chéimeanna deiridh an phróisis ghlanta uisce poiblí - nanascagachán. Thar am, bailíonn sraith gráinníní ar na scannáin seo a mbaintear úsáid astu le haghaidh scagtha rud a chiallaíonn nach mór iad a athrú. San íomhá seo feictear sraith gráinníní atá bailithe le chéile ar an scannán (donn), baictéir ag fás ar an sraith seo (glas) agus léargas trí stróiceadh isteach i struchtúr an scannáin féin (gorm).

Mac léinn PhD i ngrúpa taighde an Ollaimh Eoin Casey ag UCD é Rory Heffernan. Ghabh Rory an íomhá i gcomhar leis an Dr Ian Reid (UCD NIMAC).

Clár Ábhair

Príomhstaitisticí	2
Bunluachanna	4
Clár Oibre 2020 SFI	5
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	8
Forléargas ar Phríomh-Chlocha Míle	14
Forléargas ar Ghníomhaíochtaí	18
Struchtúr Eagraíochtúil	36
Fógraí Reachtúla agus Eile	38
Ráitis Airgeadais 2013	40
Tiomantais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2013	55
Gluais	71

Thacaigh SFI
le thart ar

2600


Duine



Lena
n-áirítear

451

Eolaí Ceanródaíoch



LÁRIONAID TAIGHDE SFI

Tá seacht lárionad taighde ceanródaíoch nua bunaithe ag SFI mórthimpeall na tíre agus oibreoidh siad sin le hos cionn 150 comhárthithe tionscail.

Tá

€100 milliún

tiomanta ag tionscal

Tá **€200 milliún** tiomanta ag SFI
i gcaitheamh na sé bliana le teacht.


Dhaingnigh sealbhóirí dámhachtainí SFI

€125 milliún

i gcistiú seachtrach.

45% a tháinig ón AE

Thacaigh dámhachtainí SFI go díreach le
hos cionn 900 comhoibriú leis an tionscal



THACAIGH SFI LE TAIGHDEOIRÍ
GAFA LE NÍOS MÓ NÁ 2990
LÉACHTAÍ/CAINTEANNA POIBLÍ/FOR-ROCHTANA



38 Comhdháil agus Ceardlann Eolaíoch arna gcistiú ag SFI in 2013

6,986 toscairí idirnáisiúnta

3,349 rannpháirtithe náisiúnta

Luach eacnamaíoch tuartha d'Éirinn suas le **€8 milliún**

Tabhair faoi deara: Ní áiríonn figiúirí rannpháirtíocht phoiblí agus imeachtaí tacaíocht for-rochtana.



D'fhaomh SFI **307** dámhachtainí nua do **20** comhlacht taighde in Éirinn

D'infheistigh SFI os cionn **€152 milliún** i dtionscadail



Rangaítear **Éire** sa **20ú** háit ar domhan i leith luanna eolaíoch idirnáisiúnta foriomlán in aghaidh an pháipéir

1ú san Imdhíoneolaíocht

1ú in Ainmhithe agus Déiríocht

3ú sna Naineolaíochtaí

4ú sa Ríomheolaíocht

6ú in Eolaíocht na nÁbhar

Chuaigh


606

duine aonair chun cinn ó fhoirne arna gcistiú ag SFI.

D'fhan

65%


díobh seo in Éirinn.



Ainmníodh Éire ar cheann de

CÚIG

thír ag teacht chun cinn ar fud an domhain maidir le sármhaitheas sa taighde eolaíoch.



Bunluachanna SFI

Sármhaitheas:

“Ag seachadadh an méid a gheallaimid agus ar sárú ionchais”

Gníomhaireacht chistiúcháin eiseamláir í SFI a dhéanann cistiú ar thaighde ar ardchaighdeán idirnáisiúnta agus a bhfuil ardluach straitéiseach leis d’Éirinn. Tá foireann SFI tiomanta don sármhaitheas a bhaint amach laistigh dár n-eagraíocht.

Ionracas:

“Déanaimid an rud ceart”

Cinnteoídh SFI ardchaighdeán i ngach gné dá cuid oibre, á gcur i gcrích le comhsheasmhacht, macántacht, neamhchlaontacht agus freagracht. Cinntimid go léirítear meas ar chaighdeáin eiticíúla agus go bhfanaimid cuntasach dár bpáirtithe leasmhara.

Paiseanta:

“Tá cáiréis againn le frinne ar gach gné den méid a dhéanaimid agus táimid tiomanta go hiomlán don duine aonair, don eagraíocht agus dár bpobal.”

Lucht saothair paiseanta iad foireann SFI, a bhíonn uailmhianach, de shíor ag gnóthú agus ag sárú ár gcuid spriocanna.

Comhoibríoch:

“Ag obair le chéile don eolaíocht sa tsochaí; Ag obair le chéile dá chéile”.

Táimid sorochtana agus tacúil dá chéile agus don phobal ina n-oibrímid. Táimid comhairleach agus freagrúil agus táimid tiomanta don chomhfhreagracht i dtaca lenár gcuid oibre a seachadadh.

Forásach:


“Is gníomhaireacht chistiúcháin nuálaíoch, dinimiciúil agus físi sinn.”

Glacann SFI timpeallacht a thugann spreagadh agus luaíocht don smaointeoireacht bhunaidh. Táimid de shíor ag eabhlóidiú chun tacú le taighde eolaíoch den chéad scoth in Éirinn.

Meas:

“Tá meas againn ar gach éinne laistigh agus lasmuigh den eagraíocht dá gcuid ama, tuairimí agus rannchuidithe i dtaca le straitéis SFI a bhaint amach”.

Cothaíonn SFI timpeallacht oscailte agus chuimsitheach, áit ina bhfuil meas ar chách agus ina ndéileáiltear le gach éinne le dínit.



Clár Oibre 2020

Is é Clár Oibre 2020 plean straitéiseach SFI i gcaitheamh na tréimhse 2012 go 2020. Tá ceithre príomhchuspóir leis:

1 A bheith ar an ngníomhaireacht chistiúcháin eolaíochta is fearr ar domhan i ndáil le tionchar a chruthú ó thaighde den chéad scoth agus luach soiléir ar airgead infheistithe a léiriú. Ciallóidh sé seo:

- a. Infheistiú go straitéiseach agus go roghnaitheach, á treorú ag beartú tosaíochta taighde leanúnaí lena n-áirítear an cleachtadh náisiúnta um beartú tosaíochta taighde a comhlánaíodh le déanaí;
- b. Infheistiú i gcumas taighde aistritheach SFI d'fhonn dul chun cinn an taighde ó fhionnachtain go seachadadh a fheabhsú;
- c. Sraith lárionad taighde a fhorbairt atá aitheanta go hidirnáisiúnta, a mheallann caipiteal agus tallann taighde idirnáisiúnta agus a mheallann, a dhaingníonn agus a thionscnaíonn cuideachtaí gaolmhara in Éirinn; agus
- d. Líon na dtaighdeoirí SFI-oilte atá fostaithe i dtionscal a mhéadú.

2 A bheith mar eiseamláir i leith comhpháirtíochtaí a fhorbairt a dhéanann cistiú ar eolaíocht den chéad scoth agus a chuireann chun cinn í sa mhargadh agus sa tsochaí. Éileoidh sé seo:

- a. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus
- b. Éagsúlú a dhéanamh ar na foinsí cistiúcháin do bhonn eolaíoch na hÉireann.

3 An pobal is rannpháirtí agus is eolaí ar bhonn eolaíoch a bheith aici.

4 Ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht nua-aimseartha idéalach na seirbhíse poiblí, le soláthar foirne ar bhonn barainneach agus solúbtha, le bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach.

Ráiteas an Chathaoirligh

Ann Riordan
Cathaoirleach, SFI



Tá an-áthas orm tuarascáil bhliantúil agus cuntais airgeadais SFI don bhliain 2013 a chur i láthair.

Bliain shuntasach ba ea 2013 do SFI. Chuir an eagraíocht lena sainchúram reatha faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht

Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013, rud a cheadaíonn taighde feidhmeach chomh maith le taighde bunúsach dírithe a chistiú. Is céim thábhachtach í seo i bhforbairt an chaidrimh atá ann idir tionscal agus an saol acadúil in Éirinn. Anois is féidir le SFI tionscadail taighde a chistiú ar bhonn uile-oileáin na hÉireann agus is féidir léi páirt a ghlacadh i scéimeanna cistiúcháin comhoibríocháin idirnáisiúnta. Cheadaíonn an sainchúram leathnaithe do SFI tuilleadh feabhais a chur ar ghníomhartha for-rochtana san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) ag leibhéal an bhunoideachais agus an mheánoideachais chomh maith le feachtas phoiblí na n-eolaíochtaí a mhéadú.

Ba í 2013 an chéad bhliain iomlán de chéim feidhmiúcháin maidir le plean straitéiseach SFI Clár Oibre 2020. Plean uailmhianach is ea é, a bhfuil sé mar aidhm aige Éire a chur chun cinn mar cheannaire eolais domhanda, sochaí ina bhfuil taighde eolaíoch agus innealtóireachta sa chroílár aige, ag tiomáint na forbartha eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Leanann Bord SFI leis ag déanamh dianmhonatóireachta ar chur chun feidhme an phlean i gcoinne na bpríomh-tháscairí feidhmíochta mar a leagtar síos iad i gClár Oibre 2020.

Cuireadh tús le seachadadh SFI faoi Chlár Oibre 2020 ag fógart infheistíochta suntasach nua de €200 milliún, chomh maith le cistiú tionscail breise de €100 milliún, i seacht Lárionad Taighde nua den scoth; AMBER, APC, Infant, I-PIC, INSIGHT, MaREI agus SSPC.

Leanfaidh SFI ag déanamh infheistíochta i Lárionaid Taighde SFI. Soláthraíonn ár bplean bliantúil le haghaidh roinnt dámhachtainí lárionad breise, faoi réir athbhreithniú piaraí sásúil, in 2014 ar aon dul le réimsí tosaíochta straitéiseacha á n-aithint mar chuid de chur chun feidhme Cleachtais um Beartú Tosaíochtaí Taighde de chuid an Rialtais tríd an nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochtaí. Déanfaidh infheistíocht i tionscadail taighde agus i lárionaid in 2014 comhlánú agus catalú ar rannpháirtíocht na hÉireann i gclár 'Horizon 2020' na hEorpa chun féidearthacht na hÉireann a uasmhéadú i leith cistiú a bhaint amach ón scéim nua cistithe seo de chuid an AE.

D'éirigh le SFI a chuid spriocanna go léir a bhaint amach faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist de chuid an Rialtais. Tá sé soiléir go mbíonn ról tábhachtach fós ag SFI in éineacht le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann i leith timpeallacht a chruthú a chuidíonn le tionscal a mhealladh, a choimeád, a leathnú agus a thionscnamh agus i leith poist a chruthú in Éirinn.

In 2014 leanfaidh SFI le comhpháirtíochtaí tionscail a thógáil a mhaoineoidh taighde eolaíoch den scoth, rud a ghríosfaidh tairbhí eacnamaíola agus sochaíocha, lena n-áirítear forbairt ar ghairmeacha beatha do thaighdeoirí i dtionscal agus sa saol acadúil trí réimse leathan scéimeanna forbartha gairmeacha.

Le cur chun feidhme an Chleachtais Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde tríd an PAG, tá SFI ag leanúint le comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil i leith tionscnaimh chistiúcháin comhoibríocháin in éineacht le gníomhaireachtaí náisiúnta eile, mar shampla, HRB, IRC agus Teagasc.

Is príomh-fhócas fós é do SFI clú agus cáil idirnáisiúnta na hÉireann a fhorbairt i réimse an taighde eolaíoch. Ba mhór an rud go bhfuair Éire lua faoi leith ón iris foilsitheoireachta eolaíoch cháiliúil, Nature Magazine, mar cheann de na cúig cheann scríbe atá 'ag teacht chun cinn' don taighde ardhleibhéil, bunaithe ar chaighdeán agus ar mhéid an taighde eolaíoch a dhéantar inár nInstitiúidí Ardoideachais.

In 2013 chomh maith bhí seoladh an Clár Discover de chuid SFI do ghníomhaíochta oideachais agus rannpháirtíocht an phobail ar aon dul le tiomantas SFI faoi Chlár Oibre 2020 chun staidéar, oideachas agus feachtas ar STEM a chur chun cinn. Príomhfhócas de chuid Discover SFI é cur le líon na gcéimithe STEM. In 2013 chuaigh Smart Futures i dteagmháil le timpeall 28,000 mac léinn trí bhealaí for-rochtana STEM, ócáidí gairmeacha beatha, comórtais agus ar líne. Buaicphointe do bhliain thábhachtach i gcur chun cinn STEM in Éirinn ba ea Seachtain na hEolaíochta eile ar éirigh go hiontach léi i mí na Samhna. Bhí breis agus 800 ócáidí mórthimpeall na tíre le breis agus 25,000 rannpháirtí ag glacadh páirte i scoileanna, coláistí, ollscoileanna, leabharlanna, cuideachtaí agus grúpaí pobail.

Agus tús á chur agam le mo thréimhse mar Chathaoirleach SFI táim spreagtha ach go háirithe mar is am é seo gur féidir le SFI rannchuidiú breise arís a thabhairt d'fheabhas an taighde eolaíoch agus d'fhorbairt tionscail, fiontair agus fostaíochta in Éirinn. Anuas ar an tiomantas atá agam a chinntiú go bhfanfaidh fócas agus saothar na heagraíochta sna réimsí sin mar thosaíocht di, táim tiomanta chomh maith d'obair as lámh an Bhoird, an Ard-Stiúrthóra

Comhaontú 'Future Agri-Food' idir SFI agus Teagasc

agus foireann Feidhmiúcháin SFI agus an Rialtais chun fíis níos leithne SFI a fhíoriú.


Mar thosaíocht láithreach amháin dom beidh an dearbhú trí mheasúnú neamhspleách de sár-fheidhmíocht rialachas corparáideach SFI agus a chomhlíonadh i leith na gcaighdeán is airde de chóid rialachas corparáideach agus eitic.

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí an tOll. Patrick Fottrell a chuaigh ar scor in 2013 agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú nach beag do SFI ó ceapadh é in 2003. Bhí ról suntasach ag a chuid díograise agus a chuid saineolais i bhforbairt SFI agus i mbunú timpeallacht taighde den scoth in Éirinn.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas leanúnach i leith SFI atá ag an Rialtas tríd an Taoiseach, an tUas. Éanna Ó Coinnigh TD, tríd an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUas. Risteárd De Briotún TD agus tríd an Aire Taighde agus Nuálaíochta, an tUas. Seán Ó Searlóg TD.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Stiúrthóir, an tOll. Mark Ferguson agus le foireann SFI as a saothar ollmhór i rith bliana a bhí an-dian ach an-táirgiúil do SFI, bliain a bhféadfaí a áitiú a bhí ar na cinn is tábhachtaí agus is múnlaithí i saol na heagraíochta.

Tá sé mar sprioc againn go léir cur lena raibh bainte amach againn anuraidh i ndáil le tionchar a chruthú do shochaí agus do gheilleagar na hÉireann trí thaighde eolaíoch den scoth.



Ann Riordan
Cathaoirleach

I mí Feabhra, síníodh comhaontú comhoibrithe, 'Future Agri-Food', idir SFI agus Teagasc. Tá sé mar sprioc ag an gcomhaontú neart agus dlús a chur le taighde agus le nuálaíocht in earnáil agraibhia na hÉireann a fhostaíonn timpeall 150,000 duine in Éirinn. Is é agraibhia an tionscal dúchasach is mó in Éirinn le heaspórtálacha thar na bearta de €9 mbilliún in 2012. Déanfaidh SFI agus Teagasc anois comh-chistiú ar dheontais taighde idir eolaithe ón disciplín talmhaíochta agus ón disciplín bia, agus eolaithe ó dhisciplíní eile eolaíochta agus innealtóireachta.

Tá sé mar sprioc ag an tionscnamh comhpháirteach úsáid a bhaint as réimse leathan disciplíní agus teicneolaíochtaí chun nuálaíocht san earnáil agraibhia a neartú agus chun deiseanna a chur ar fáil d'eolaithe i réimse leathan disciplíní lena n-áirítear géanómaíocht, róbataic, eolaíocht na n-ábhar, nanaitheicneolaíocht, imdhíoneolaíocht agus TFC. Beidh an choinbhéirseacht seo de réimse leathan disciplíní mar chrann taca de na spriocanna brabúsachta, iomaíochais agus inbhuanaitheachta mar a leagtar amach i straitéis 'Food Harvest 2020' de chuid na Roinne Talmhaíochta.



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI; an tUas. Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta; an tOll. Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; agus an tUas. Simon Coveney, TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra

Sármhaitheas taighde, rannpháirtíocht áitiúil, tionchar domhanda.



Bliain tháirgiúil agus thar barr ba ea 2013 do SFI agus don phobal taighde a dtacaíonn sí leis.

Cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus pobal taighde na hÉireann, idir acadúil agus tráchtála,

fáilte mhór roimh thiomantas leanúnach an Rialtais d'infheistíocht i dtaighde eolaíoch agus an tuiscint atá aige do thábhacht na hinfeistíochta sin i dtaca le forbairt gheilleagrach agus shochoaíoch in Éirinn. Déanann SFI rannchuidiú le beartas Rialtais chomh maith lena chur chun feidhme. Baineadh amach na spriocanna agus na gníomhartha ar fad a leagadh ar SFI maidir leis an bPlean Gníomhaíochtaí do Phoist. Anuas air sin, comhlíonadh tionscnaimh thábhachtacha éagsúla mar chuid den Ghrúpa Stiúrtha Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta (PAG), arna bhunú ag an Rialtas agus an tUas. Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta ina chathaoirleach air, chun fionnachtain Thuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm.

Le linn 2013, dhírigh 99.2% de chaiteachas taighde ó SFI ar na réimsí tosaíochta a ainmníodh sna Príomh-Tháscairí Feidhmíochta mar a leagadh amach i gClár Oibre 2020 de chuid SFI. Chuir SFI go mór le hathchóiriú earnáil phoiblí na Éireann. Fostaítear anois gach comhalta foirne Bainisteoir Tionscadail Eolaíoch laistigh de SFI ar bhonn conradh cúig bliana ar théarma seasta agus bhí laghdú i líon na gcomhaltaí foirne sin.

Is eagraíocht éifeachtach gan diomailt í SFI le 47 gcomhalta foirne, ag riaradh 700 dámhachtain reatha le €343 milliún de cheangaltais san am atá le teacht agus €150 milliún de cheangaltais bhliantúla. Is ionann costas iomlán riaracháin SFI agus thart ar 3.5% dá buiséad iomlán. Leis sin cuirtear SFI san aicme is fearr go hidirnáisiúnta: titeann figiúirí incomparáide i ngníomhaireachtaí cistiúcháin eolaíochta náisiúnta eile idir 5% agus 15%. Tagann SFI sa chéad áit ina haicme chomh maith de réir roinnt tagarmharcanna idirnáisiúnta eile. Mar shampla, tá sí chun tosaigh i ndáil le clár oibre taighde thábhachtaigh maidir le tionchar, ionracas, comhoibriú tionscail agus éifeachtúlacht, mar a léirítear ní amháin ag áiteanna ceannaireachta i bhfóirne idirnáisiúnta ach ag straitéisí agus scéimeanna a d'fhorbair SFI á nglacadh ag tíortha eile, mar shampla measúnacht tionchair.

Leathnaíodh téarmaí tagartha dlíthiúla SFI in 2013 le rith an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú), mar a rinneadh achoimre air i Ráiteas an Chathaoirleach.

Forbairt mhór i rith 2013 ba ea fógartar na seacht n-iarratas rathúla do Chlár Lárionad Taighde de chuid SFI. Is iad na príomh-chuspóirí atá ag clár Lárionad Taighde SFI:

- ▶ Grúpa Lárionad Taighde mórsála a bheidh chun tosaigh ar an domhan a forbairt, a chuirfidh mór-thionchar eacnamaíoch ar fáil d'Éirinn
- ▶ Sármhaitheas taighde agus ceannaireacht taighde a bhaint amach, a chothú agus a fheabhsú
- ▶ Leibhéal na hinfeistíochta tionsclaíche agus leibhéal na hinfeistíochta tráchtála i ngníomhaíochtaí T&F le cuideachtaí reatha atá bunaithe in Éirinn a mhéadú
- ▶ Infheistíocht Dhíreach Eachtrach mhór a mhealladh i lárionad T&F chorparáideacha
- ▶ Gnólachtaí nuathionscanta ardteicneolaíochta a thosú agus fiontair bheaga agus mheánmhéide atá ann cheana féin a fhás

Is iad seo a leanas na seacht Lárionad Taighde sin:

- ▶ AMBER (Ard-Taighde Ábhar agus Bith-Innealtóireachta)
- ▶ APC (Ionad Cógasbhitheach an Bhia)
- ▶ INFANT (Lárionad Éireannach do Thaighde Aistritheach Féatais agus Nuabheirthe)
- ▶ Insight (Lárionad don Anailísíocht Olltíomsaithe Sonraí)
- ▶ I-PIC (Lárionad Comhtháthaithe Fótónaice na hÉireann)
- ▶ MaREI (Fuinneamh In-Athnuaite Mara na hÉireann)
- ▶ SSPC (Lárionad Cógaisíochta Sintéise agus Soladstaide)

Is ionann na Lárionad seo agus an infheistíocht taighde is mó dá leithéid arna comh-chistiú ag an Rialtas/Tionscail in Éirinn le €200 milliún de chistiú an státchiste ó SFI thar thréimhse sé bliana comhfhreagartha ag breis agus €100 milliún de chomhinfeistíocht ó 150 comhpháirtí tionscail lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta chomh maith le fiontair bheaga agus mheánmhéide. Tacaíonn na Lárionad Taighde sin le príomh-earnálacha fáis mar atá sonraithe sa Tuarascáil maidir leis

Ag seachadadh nuálaíochta suaite sna meáin dhigiteacha agus in ábhar cliste

an gCleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde agus sa Phlean Gníomhaíochtaí do Phoist, m.sh. Anailísíocht um Olltíomsú Sonraí. Sonraíonn na Lárionaid chomh maith taighde i ndúshláin mhóra shochoíochta lena n-áirítear sláinte agus fuinneamh.

Tabharfaidh na Lárionaid sin tacaíocht dhíreach do breis agus 800 post den scoth do thaighdeoirí, os cionn leath díobh rangaithe mar phoist ard-luacha. Anuas air sin, táthar ag súil go ndéanfaidh na Lárionaid, i rith a saolré, gearáil ar bhreis cistithe nach ón státchiste é (mar shampla tionsclaíoch, AE, s.r.l.), rud a chiallóidh, má bhaintear amach spriocanna, cruthú 1,000 post breise.

Rinneadh athbhreithniú ar na Lárionaid Taighde sin de chuid SFI, ní amháin maidir le taighde eolaíoch ach maidir lena n-aistriú tráchtála. Tá siad mar sin ar na Lárionaid is fearr go hidirnáisiúnta, de bharr a dtaighde ceannródaíoch den chéad scoth agus a dtionchar breise ar an ngeilleagar agus ar an sochaí. Beidh na Lárionaid sin in ann fás agus dul in oiriúint trí chlár Spokes de chuid SFI, ar meicníocht é chun tacaíocht a thabhairt do leathnú agus d'ínbhuanaitheacht Lárionaid Taighde SFI, agus chun iad a choimeád iomaíoch.

Ceadaíonn clár Spokes do chomhpháirtithe tionscail nua, chomhpháirtithe acadúla nua, tionscail taighde nua agus acmhainní nua a bheith curtha le gach Lárionad. Anuas air sin, ceadóidh clár comhroinnte Spokes d'fhorbairt nasc láidir idir gach ceann den na Lárionaid. Cuimsíonn clár Spokes gairm iomaíoch bhliantúil i gcoinne buiséad seasta, in éineacht le gairm rollach áisiúil do thionscal, ina ndéanfar measúnú ar iarratais am ar bith agus déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn gasta.

Tá sé i gceist ag SFI Clár na Lárionad Taighde a leathnú in 2014 agus d'eisigh sí glao ar thograí i réimsí téamacha na tosaíochta náisiúnta.

Is ionann Lárionaid Taighde SFI, le rannpháirtíocht agus comh-chistiú suntasach ón tionscal iontu, agus sraith thábhachtach amháin de chlár oibre SFI maidir le forbairt an chomhéadain taighde acadúil/tionscail in Éirinn, ag díriú isteach ar shármhaitheas agus ar thionchar.

Forbairtí tábhachtacha eile den chomhéadan sin i rith 2013 ba ea seoladh Clár Comhpháirtíochta SFI agus an chéad bhabhta cistiúcháin trí Chlár Comhaltachta Tionscail SFI. Ceadaíonn Clár Comhaltachta Tionscail SFI d'aon taighdeoir atá cistithe ag SFI togra a chur isteach chun suas le bliain amháin a chaitheamh ag obair ar chomh-thionscadal taighde i dtionscal aon áit ar domhan.

Is cuibhreannas taighde acadúil-tionscail é CNGL atá tiomanta do nuálaíochtaí suaiteacha sna meáin dhigiteacha agus in ábhar cliste amhail anailís ábhair ilteangaigh a sheachadadh.

Le tacaíocht ó SFI, áiríonn tionchar eacnamaíoch agus sóisialta CNGL go dtí seo seacht seach-chuideachta, Digital Linguistics, emizar, Iconic Translation Machines, Scream Technologies, Wripl, Xcelerator (KantanMT); €1.25 milliún de chaipiteal frontair cruinnithe; cruthú 30 post nua ard-luacha d'Éirinn agus tarraingt €7 milliún breise de chistiú ó fhoinse nach an státchiste iad, lena n-áirítear 15 thionscadal mórscála arna gcistiú ag an Aontas Eorpach.

Bhí sárthaispeántas ag CNGL dá thaighde a chomhcheanglaíonn saineolas taighdeoirí den scoth ag ceithre ollscoil (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh) agus a chuid comhpháirtithe in Microsoft, Symantec, Intel, McAfee, Cisco, DNP, Xanadu, Welocalize, Alchemy Software Development, VistaTEC, agus go leor ceannairí tionscail eile.

Rinne an tOllamh Vincent Wade, Stiúrthóir CNGL, cur síos ar conas a dhíríonn taighde CNGL ar na dúshláin agus na deiseanna araon atá bainteach le borradh mór ábhair. Tá CNGL ag cabhrú le cuideachtaí an úsáid is fearr a bhaint as a n-ábhar ionas dul i ngleic lena gcuid custaiméirí domhanda níos fearr ná riamh, ionas faisnéis agus straitéisí seachadta a oiriúnú chun aimsiú domhanda a chumasú, chun calaois a bhrath, chun riosca a bhainistiú, chun clár oideachais a phearsanú, agus chun cúram custaiméara ilteangach a sheachadadh.



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, taighdeoirí CNGL Sheila Castilho agus Teresa Lynn, Aire do Ghnóthas Beag, an tUas John Perry TD, agus an tOllamh Vincent Wade, Stiúrthóir, CNGL.

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra ar lean

Ceadaíonn na Comhaltachtaí chomh maith do chomhghleacaithe tionscail obair laistigh de shaotharlanna taighde acadúla Éireannacha.

Tá súil ag SFI go gceadóidh an Scéim Comhaltachta Tionscail seo d'fhorbairt éiceachórais mhaith acadúil/tionscail agus go gcuirfidh sé cosán tábhacht forbartha gairme ar fáil do thart ar 2,600 duine a mbíonn SFI ag tacú leo in Institiúidí Ardoideachais in Éirinn gach bliain.

Taispeánann sonraí ó ghníomhaireachtaí cistiúcháin eolaíochta mórtimpeall an domhain go mbogann thart ar 90% de thaighdeoirí a dtacaíonn gníomhaireachtaí dá leithéid leo ar aghaidh chuig fostaíocht san earnáil phríobháideach. Is rannchuidiú thar na bearta é sin d'fhorbairt gheilleagrach agus is ionann Clár Comhaltachta Tionscail SFI agus cosán tábhachta forbartha gairme, go háirithe do thaighdeoirí sóisearacha chun taithe ar fháil ar thaighde tionscail áit ar bith ar domhan.

Ceadaíonn an scéim, mar shampla, do chuideachtaí ilnáisiúnacha taighdeoirí den scoth a earcú chun réamh-shonraí taighde a chruthú a chabhraíonn leo sainordú nó infheistíocht mhór a ghnóthú ó cheanncheathrú corparáideach agus ansin gníomhaíochtaí taighde a leathnú go comhoibríoch in Éirinn. Mar an gcéanna, ceadaíonn an scéim d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, áiteanna a mbíonn formhór an chaiteachais ar thuarastail foirne, dul i ngleic le gníomhaíochtaí taighde chun cabhrú lena ngnó. Is ionann scéim Comhaltachta Tionscail SFI agus foirm thábhachtach forbartha gairme.

In 2013, sheol SFI glaonna chomh maith chun tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí ar mian leo gairm bheatha taighde nó gairm bheatha acadúil a fhorbairt trí na cláir nua Deontas Taighde an Taighdeora Nuathionscanta (SIRG) agus Dámhachtainí Forbartha Gairme (CDA). Is ionann na cláir nua sin, in éineacht le Gradam Uachtarán na hÉireann do Thaighdeoir Óg (PIYRA) agus deiseanna Comhaltachta, ag obair leis an Wellcome Trust, agus mór-thiomantas ó SFI deiseanna a chur ar fáil chun taighdeoirí óga den scoth a fhorbairt in Éirinn.

Is mór iad an t-aschur agus an tionchar a thagann ó thaighde atá cistithe ag SFI. I rith 2013, thug SFI tacaíocht dhíreach do 2,656 duine in Éirinn agus rangáitear an-chuid díobh mar phoist ard-luacha. Leis sin rinne taighdeoirí arna gcistiú ag SFI gearáil ar €125 milliún de chistiúchán, suim atá coibhéiseach, isteach is amach, leis an chistiúchán a chuir SFI ar fáil, .i. gearáil aon le haon. Thug sé sin tacaíocht do 520 post breise ard-luacha.

Tá breis agus 900 tionscadal comhoibrithe tionscail le cuideachtaí ag taighdeoirí a dtacaíonn SFI leo, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Chomhdaigh taighdeoirí a dtacaíonn SFI leo 54 paitinn, cheadúnaigh siad 27 teicneolaíocht do thionscal agus chruthaigh siad ceithre sheach-chuideachta.

Taighdeoir SFI na Bliana 2013

Taighdeoir SFI na Bliana 2013

Ainmníodh an tOll Fergus Shanahan, ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, mar Thaighdeoir SFI na Bliana 2013 ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI i mí na Samhna 2013. Bhronn an tUas. Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, an gradam ar an Ollamh Shanahan, atá ar dhuine de na saineolaithe idirnáisiúnta is fearr i réimse an taighde gastraistéigigh, mar aitheantas ar a rannchuidiú suntasach don tuiscint ar conas a théann baictéir stéigeacha i bhfeidhm ar shláinte agus ar ghalair sna putóga agus níos faide. Is é an tOll. Shanahan Stiúrthóir Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Lárionad Taighde arna chistiú ag SFI.



An tUas Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, an tOll Fergus Shanahan, Stiúrthóir, APC, UCC agus an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI.

Ag cur ábhair ríthanaí i gcomhthéacs níos leithne

Tá 1,955 tionscadal comhoibrithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ag taighdeoirí a dtacaíonn SFI leo i mbreis agus 48 tír agus d'fhoilsigh siad 2,237 páipéar eolaíoch i rith 2013.

Cabhraíonn an t-aschur sin go mór le clú idirnáisiúnta na hÉireann. Is fianaise dó sin ard-rangú na hÉireann in innéacsanna luanna eolaíoch idirnáisiúnta. In 2013, rangáíodh Éire sa chéad áit maidir le imdhíoneolaíocht, sa tríú háit maidir le nanaitheicneolaíocht, sa cheathrú háit maidir le heolaíocht ríomhaireachta agus sa séú háit maidir le heolaíocht na n-ábhar: éacht ollmhór do thír bheag.

Ghnóthaigh taighdeoirí Éireannacha a dtacaíonn SFI leo breis agus €56 milliún de chistiúchán taighde iomaíoch ó chlár an Aontais Eorpaigh agus beidh tuilleadh deiseanna ar fáil sna blianta amach romhainn trí clár Horizon 2020 ón AE. Bhunaigh SFI roinnt meicníochtaí chun iarratais chuig Horizon 2020 a spreagadh agus a thacú. Ina measc tá tacaíocht d'iarratasóirí do scéimeanna Chomhairle Taighde na hEorpa, clár thábhachtacha um fhorbairt ghairme (SIRG, CDA, PIYRA) agus clár imscrúdaitheora (IVP) atá ina dhiaidh sin mar fhriothálaigh do mhór-iarratais ar chistiú ón AE, agus comhaontuithe nua comhoibrithe le Tuaisceart Éireann agus leis an Ríocht Aontaithe.

Rud nach bhfuil ar eolas ag mórán, b'fhéidir, is ea an tacaíocht bheag (timpeall €500,000) a thugann SFI do thaighdeoirí Éireannacha chun comhdhálacha agus ceardlanna eolaíochta a eagrú in Éirinn, ó scála beag go mór. Ceadaíonn na comhdhálacha agus na ceardlanna sin do mhalartú eolais eolaíoch agus do dhíospóireacht agus is cuid thábhachtach iad i spreagadh cur chun cinn taighde, sa saol acadúil agus i dtionscal araon, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tabharfaidh na dámhachtainí comhdhálacha agus ceardlanna arna gcistiú ag SFI in 2013 timpeall 7,000 toscaire idirnáisiúnta go hÉirinn, agus meastar go gcuirfidh siad €8 milliún isteach sa gheilleagar áitiúil.

Chuir SFI feabhas lena cuid gníomhaíochtaí rochtana STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) in 2013 le breis agus 1,450 tuairisc sna meáin, 775 léacht phoiblí agus 763 cuairt scoile. Leathnaíodh go mór an rannpháirtíocht i Seachtain na hEolaíochta in 2013, i nglan-uimhreacha agus i gclúdach réigiúnach laistigh d'Éirinn, agus dá bharr sin bhí sí ar Sheachtain na hEolaíochta ba rathúla go dtí seo.

Taispeántar fianaise thábhachtach i sonraí samplacha poist gur príomhchuid d'éiceachóras fiontraíochta na hÉireann iad taighdeoirí arna gcistiú ag SFI.



An tOll Valeria Nicolosi

Uaireanta is maith an rud éan saotharlann a fhágáil ar feadh tamaill agus peirspictíocht nua a fháil. Agus ba é sin díreach a tharla do thaighdeoir cistithe ag SFI, an tOll Valeria Nicolosi, a thug faoi thuras cianaistir chun na Síne le páirt a ghlacadh in imeacht de chuid an Fhórait Eacnamaíochta Domhanda. Tugadh cuireadh don Ollamh Nicolosi, Ollamh Taighde na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) ag an Lárionad Taighde AMBER de chuid SFI i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chuig Cruinniú Bliantúil na gCuirthe Nua in Dalian, an tSín, i mí Mheán Fómhair 2013. Thug an imeacht úd eolaithe, polaiteoirí agus lucht gnó le chéile chun teicneolaíochtaí a phlé i réimsí ar nós ábhair nua, sláinte, seachadadh drugaí agus feistí leighis agus conas a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun dul i ngleic le mórdhúshláin shochoaíoch. D'iarr an ERC ar an Ollamh Nicolosi páirt a ghlacadh in Dalian chun a cuid taighde a mhíniú agus na himpleachtaí leis a phlé. "Bhí ann mar dhuine de na heolaithe óga, agus bhí ceannairí domhanda óga ann freisin, chomh maith le ceapadóirí domhanda óga, polaiteoirí agus POFanna ó na cuideachtaí is mó," a deir sí.

Breathnaíonn taighde an Ollaimh Nicolosi féin ar na féidearthachtaí i leith úsáid a bhaint as ábhair ríthanaí 'déthoiseacha', ar tiús adaimh amháin, i bhfeistí a dhéanann fuinneamh a stóráil agus a scaoileadh. Trí nana-chalóga de na hábhair a ghiniúint, tá a n-achar dromchla á méadú aici agus leas á bhaint as a gcuid saintréithe fisiciúla agus ceimiceacha nua chun fuinneamh a stóráil agus a scaoileadh go héifeachtúil.

Bailíonn Ard-Gheilleagair Bheaga i mBaile Átha Cliath chun Tionchar Taighde agus Méadracht a Phlé



An tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, an tUas Philip Ong, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fondúireacht Náisiúnta Taighde, Oifig an Phríomh-Aire, Singeapór, an Dr Peter Crabtree, Bainisteoir Ginearálta, Brainse Beartais um Dhaoine, Eolaíocht agus Fiontair, Grúpa Eolaíochta, Scileanna & Nuálaíochta, Aireacht Ghnó, Nuálaíochta agus Fostaíochta, an Nua-Shéalainn agus Sir Peter Gluckman, Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Phríomh-Aire na Nua-Shéalainne.


Tháinig meitheal oibre idirnáisiúnta ó sé cinn d'ard-gheilleagair bheaga an domhain (an Nua-Shéalainn, Singeapór, Iosrael, an Danmhairg, an Fhionlainn agus Éire) le chéile i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair. Bhí an cruinniú á óstáil ag SFI agus pléadh ann forbairt féideartha na méadrachta comónta chun cabhrú le tionchar an taighde eolaíoch a thomhas i dtíortha beaga ar mhéid chomhchosúil.

I rith 2013, bhí sean-naisc ag taighdeoirí SFI agus taighdeoirí arna gcistiú ag SFI leis na cuideachtaí atá bainteach le 40% (2,588) de na 6,449 post a bhí faoi thrácht i bpreaseisiúintí GFT Éireann i ngach réimse in 2013. Gan dabht, áiríonn líon iomlán na bpost réimsí nach dtiteann laistigh de shainchúram dlíthiúil SFI. Má shriantar an anailís go réimsí atá clúdaithe ag sainchúram dlíthiúil SFI, tá sean-naisc ag taighdeoirí SFI agus taighdeoirí arna gcistiú ag SFI leis na cuideachtaí atá bainteach le 64% (1,988) de na 3,085 post a bhí faoi thrácht sna tionscadail sin laistigh de shainchúram SFI. Anuas air sin, tá naisc ag taighdeoirí SFI le beagnach 250 fiontar beag agus meánmhéide in Éirinn. Is minic a bhíonn naisc dá leithéid ríthábhachtach i mbunú agus i bhfás fiontair bheaga agus mheánmhéide, ag éascú, mar shampla, cistiú ó chaipiteal fiontair agus ó fhoinsí eile.

Ba í 2013 an chéad bhliain do bhailiú tacair thábhachtaigh nua de mhéadrachtaí aschuir agus tionchair tríd ár gcóras ar líne SESAME. Éascaíonn sé sin anailís amach anseo de chláir, de thionchar agus de thoradh ar infheistíocht ag córas éifeachtach bailithe sonraí, a cheadaíonn dúinn fáil réidh leis an suirbhé bliantúil agus móráireamh a bhíodh ann roimhe seo.

Le linn 2013, chuaigh SFI i mbun tagarmharcáil shuntasach idirnáisiúnta, go háirithe mar chuid den Tionscnamh Sé Ard-Gheilleagar Beag (an Nua-Shéalainn, Singeapór, Iosrael, an Danmhairg, an Fhionlainn agus Éire) Tá na hanailísí tagarmharcála idirnáisiúnta sin tábhachtach: chun spriocanna a leagan síos, chun foghlaim ó thionscnaimh í dtíortha eile, agus chun go mbeidh Éire in ann ceannaireacht a thaispeáint i réimsí cosúil le measúnacht tionchair taighde.

Tábla 1: Tá Éire (IE) ar an tír is éifeachtúla san AE ó thaobh T&F de, ag baint amach an aschuir nuálaíochta sa pheircintíl is airde ó chaiteachas poiblí faoi bhun an meán ar T&F.



Foinse: Ard-Stiúrthóireacht Taighde agus Nuálaíochta - Anailís agus Monatóireacht ar aonad na mbeartas taighde náisiúnta
 Sonraí: Eurostat, ECFE, IUS 2014, NA (Comtrade)
 Nótaí (1) LU: 2010

Taispeánann anailísí tagarmharcála breise, m.sh. ag an Aontas Eorpach, gurb í Éire an tír is éifeachtaí san AE ó thaobh T&F de. Baineann Éire aschur nuálaíochta atá sa bharr-pheircintíl le caiteachas poiblí ar T&F atá faoi bhun an meán, mar a léirítear i dTábla 1 atá déanta ó Sonraí Eurostat um Ard-Stiúrthóireacht Taighde agus Nuálaíochta an AE a dhéanann anailís agus monatóireacht ar bheartais taighde náisiúnta.

Ba cheart go mbeadh gach duine bródúil as an éifeachtúlacht seo ach, gan dabht, ba cheart ár ndícheall a dhéanamh a bheith níos fearr fós. Táimid, áfach, ag tosú ó bhunús iontach. Maidir leis sin ba mhaith liom ómós suntasach a thabhairt do Chathaoirleach SFI atá ag dul as oifig, an tOll Pat Fottrell, a d'fhóin sa ról seo, agus sárobair déanta aige, ó laethanta luatha SFI. Faoi stiúir an Ollaimh Fottrell agus an dianobair a rinne na Boird, na hArd-Stiúrthóirí agus an fhoireann roimhe seo, d'fhás SFI agus an pobal taighde in Éirinn go suntasach, maidir le cáilíocht agus le cainníocht, le 12 bhliain anuas.

I mbliana chomh maith chuaigh beirt chomhaltaí Boird a bhí ann le fada ar scor: an Dr. Jim Mountjoy agus an tOll. Martina Newell-McLoughlin, beirt a thug seirbhís as cuimse do SFI. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo agus leis an bhfoireann go léir agus le comhaltaí Boird SFI as an tiomantas, an díograis agus an dianobair a chuireann siad isteach i mbaint amach chuspóirí na Fondúireachta. Ba mhaith liom chomh maith fáilte a chur roimh Ann Riordan Uasal mar Chathaoirleach nua SFI, agus roimh na comhaltaí Boird nua, an tUas Aidan Donnelly agus Geraldine Ruane Uasal, a thugann mór-thaithí ilchineálach leo chun cabhrú leis an bhFondúireacht agus chun í a threorú.

Ag obair leis an bpobal taighde, idir acadúil agus tionscail, tá sé i gceist ag SFI leanúint le cláir a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh, cláir a thabharfaidh cistiú do thaighde den scoth le tionchar, isteach sa gheilleagar agus sa tsochaí. Tionscnamh amháin dá leithéid is ea fócas breise ar cheannairí taighde den chéad scoth a earcú go hÉirinn trí Chlár Ollúnachta Taighde SFI.

Thosaigh sé sin in 2013 le hearcú an chéad duine faoin scéim, an tOll. Michael Zaworotko a ceapadh ina Ollamh Bernal le hInnealtóireacht Criostal ag Ollscoil Luimnigh. Tá ríméad orainn gur bhog an tOll Zaworotko ó na Stáit Aontaithe go hÉirinn. Is príomh-shaineolaí idirnáisiúnta é ar chriostalú agus ar chomh-chriostalú, ar ábhair thaighde eolaíoch iad le tábhacht mhór do thionscal déantúsaíochta na cógaisíochta a chuireann go mór le OTI na hÉireann.

Is taighdeoir den chéad scoth é an tOll Zaworotko, ar na 20 ceimiceoir is mó luaite ar domhan. Bhí idirghníomhaíochtaí comhoibríocha suntasacha aige lena lán mór-chuideachtaí cógaisíochta idirnáisiúnta. Táimid ag suil le fáilte a chur roimh thaighdeoirí den chéad scoth eile go hÉirinn faoi Scéim na hOllúnachta Taighde dár gcuid sna blianta amach romhainn.

Mar a bhí geallta, ag deireadh 2013, d'fhoilsigh SFI athbhreithniú ar conas atá sí féin agus an pobal taighde ag feidhmiú maidir le príomh-tháscairí feidhmíochta mar atá leagtha síos i bplean straitéiseach SFI, Clár Oibre 2020. Thaispeáin an t-athbhreithniú seo in 2013 go rabhamar chun na spriocanna a bhaint amach maidir leis an gcuid is mó de na príomh-tháscairí feidhmíochta, ach chuir sé béim chomh maith ar réimsí inar gá dúinn breis fócais a bheith againn, mar shampla earcaíocht duaisbhuaiteoir Nobel go hÉirinn nó réimsí ar féidir rioscaí a bheith iontu, mar shampla ó thíortha eile ag déanamh i bhfad níos mó infheistíochta i T&F cistithe go poiblí (mar chéatadán de OTI) agus mar sin ag díláithriú ard-rangú na hÉireann. Ina leith sin, chuirfí in iúl ag an tagarmharcáil atá déanta go dtí seo, lena n-áirítear tagarmharcáil neamhspleách ag an AE a luadh thuas, (a thaispeánann gurb í Éire an tír is éifeachtaí san AE ó thaobh caiteachais T&F de), in éineacht le hanailís ar fheidhmíocht san am atá thart, (mar shampla mar a rinneadh achoimriú air sa tuarascáil bhliantúil seo do 2013), go ndéanfadh méadú measartha torthaí díréireacha móra dearfacha; tá SFI agus a pobal taighde ag súil leis an hipitéis seo a thástáil agus le hionchais a shárú sna blianta amach romhainn.



An tOll. Mark W.J. Ferguson

Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

Forbhreathnú 2013 ar Phríomh-Chlocha Míle

FEANÁIR

- ▶ Ghlac SFI páirt i gComórtas & Taispeántas BT an Eolaí Óig 2013
- ▶ Rinneadh cistiú ar 85 dámhachtain faoi Chlár na nImscrúdaitheoirí, dár luach iomlán €60 milliún, lena dtabharfar tacaíocht dhíreach do 250 taighdeoir go dtí 2018
- ▶ Ghlac CRANN ról ceannródaíoch i dtionscadal taighde AE ar luach €1 billiún ar Ghraiféin



⤴ Colm O'Neill, POF, BT Ireland, Emer Hickey, Sophie Healy-Thow agus Ciara Judge, ó Phobalscoil Chionn tSáile, Corcaigh agus an tUas Ruairi Quinn, TD, Aire Oideachais agus Scileanna.

FEABHRA

- ▶ Rinneadh infheistíocht €300 milliún i seacht Lárionad Taighde de chuid SFI - an luach ab airde dá leithéid a fógraíodh riamh in Éirinn maidir le comhchistiú taighde stáit/tionscal
- ▶ Shínigh SFI agus Teagasc an comhaontú "Future Agri-Food"
- ▶ D'óstáil SFI Comhdháil Chomhphleanála mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE
- ▶ Bhuaigh foireann ó Acadamh Dhroichead na Banna, Co. an Dúin, an babhta ceannais den Díospóireacht ar Shaincheisteanna Eolaíochta
- ▶ Osclaíodh an glao um Staidéar Indéantachta de chuid Dhámhachtain SFI agus Fhiontraíocht Éireann um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA)



⤴ An tUas Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus an tUas Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

MÁRTA

- ▶ D'fhógair an Taoiseach, Enda Kenny, TD, bunú Bhonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig SFI i Washington
- ▶ Sheol an tAire Bruton Re-Play, tionscadal taighde €2 mhilliún atá cistithe faoi 7ú Creatchlár an AE, ina bhfuil eolaithe ó Éirinn, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe, an Eilvéis agus an Ghréig páirteach
- ▶ Bhí an chéad aonach de 15 Aonach Eolaíochta SciFest réigiúnacha ar siúl i mBaile Átha Cliath
- ▶ Rinne Lero, Lárionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann, leathnú ar a chlár taighde idirnáisiúnta le United Technologies Research Centre Ireland



⤴ An Taoiseach, Enda Kenny TD.

AIBREÁN

- ▶ Bhí Seachtain na nGairmeacha san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) ar siúl mar chuid den tionscnamh 'Todhchaí Chliste' [Smart Futures]
- ▶ Osclaíodh an glao um Chlár Comhaltachtaí Tionscal SFI
- ▶ D'fhógair Cartlanna RTÉ comhoibriú le Lárionad Taighde INSIGHT de chuid SFI agus le Taisclann Dhigiteach na hÉireann, chun ardán fionnachtana inneachair a fhorbairt d'fhonn Cartlanna RTÉ a oscailt

- ⋄ An tUas Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta le daltaí ag glacadh páirte sa tionscnamh 'Todhchaí Chliste' [Smart Futures].



BEALTAINNE

- ▶ Fógraíodh na dámhachtainí faoi Chlár Dámhachtainí um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA) de chuid SFI agus Fiontraíocht Éireann
- ▶ Fógraíodh comhpháirtíocht taighde nua 'Deiseanna Taighde larchéime ar Fud an Domhain' (GROW) idir SFI agus an Fhondúireacht Eolaíochta Náisiúnta sna Stáit Aontaithe
- ▶ Tugadh cuireadh do Lárionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann (Lero) naoi bpáipéar a chur i láthair ag an gComhdháil Idirnáisiúnta ar Innealtóireacht Bogearraí (ICSE 2013) in California



- ⋄ An tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, an tUas Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, an tOll Tia Keyes, DCU agus an Dr Nick Bennett, DCU sa phictiúr ag fógaire TIDA.

MEITHEAMH

- ▶ D'fhógair Lárionad Taighde SFI, Ionad Cógasbhitheach an Bhia, cistiú €50 milliún
- ▶ Dhírigh an iris Nature aird ar Éirinn mar cheann de chúig thír atá ag teacht chun cinn ar fud an domhain maidir le sármhaitheas sa taighde eolaíoch
- ▶ Bronnadh Gradam Intel 2013 um Thaighdeoir den Scoth ar Brian Corbett, Institiúid Náisiúnta Tyndall
- ▶ Bronnadh Gradam um Shármhaitheas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic ar 491 bunscoil ar fud na tíre mar chuid den Chlár Fionnachtana Eolaíochta agus Matamaitice ar Leibhéal Bunscoile



- ⋄ An tOll Fergus Shanahan, Stiúrthóir APC, UCC, an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus an tUas Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta.

Forbhreathnú 2013 ar Phríomh-Chlocha Míle

IÚIL

- Fógraíodh cistiú €40 milliún do Lárionad Taighde de chuid SFI, an Lárionad Cógaisíochta Sintéise & Soladstaide, atá lonnaithe in Ollscoil Luimnigh
- Bhí an chéad Fhéile Fiosracha ar siúl i mBaile Átha Cliath

↘ An Dr Mary Shire, Leas-Uachtarán an Taighde, UL, an tUas Michael Noonan, TD, Aire Airgeadais, an tOll Don Barry, Uachtarán Ollscoil Luimnigh agus Jan O'Sullivan, TD, Aire Tithíochta agus Pleanála.



LÚNASA

- D'fhorbair taighdeoirí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, scórchárta leictreonach luath-rabhaidh chun cabhrú le baill foirne leighis othair atá ag dul in olcas a shainaitint, rud a d'fhéadfadh torthaí na n-othar a fheabhsú
- Shainaitin an tOll Paul Moynagh agus foireann ag OÉ Má Nuad dul chun cinn ceannródaíoch maidir le galar putóige athlastach
- Osclaíodh na glaonna maidir le Clár SFI um Dhámhachtain Forbartha Gairme agus Clár SFI um Dheontas Taighde d'Imscrúdaitheoir ag Tús Gairme



↘ An Dr Simon Woodworth, Taighdeoir Sinsearach sa HISRC i UCC, ag léiriú an ardáin d'altraí in Ospidéal Naomh Lúcaís, Cill Chainnigh.

MEÁN FÓMHAIR

- Fógraíodh an chéad lárionad in Éirinn le haghaidh taighde imbheirthe, Lárionad na hÉireann um Thaighde Aistritheach Féatas agus Nua-naíonna (INFANT) le cistiú €13.6 milliún
- Ceapadh an tOll Michael Zaworotko, atá i measc an 20 ceimiceoir taighde is fearr ar domhan, mar Ollamh Bernal le hInnealtóireacht Criostal in Ollscoil Luimnigh
- D'óstáil SFI meitheal oibre idirnáisiúnta ó shé chinn de na hard-gheilleagair bheaga ar domhan (an Nua-Shéalainn, Singeapór, Iosrael, an Danmhairg, an Fhionlainn agus Éire)
- D'oscail an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náisiúnta, Pat Rabbitte, TD, sárthaispeántas taighde teileachumarsáide atá forbartha ag an lárionad taighde teileachumarsáide, CTVR



↘ An tOll Prof Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, an tOll Patrick Prendergast, Provost, TCD, an tUas Pat Rabbitte, TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha, agus an tOll Linda Doyle, Stiúrthóir CTVR.

DEIREADH FÓMHAIR

- ▶ Sheol Institiúid Náisiúnta Tyndall AgriSense, tionscadal taighde sláinte ainmhithe de chuid SAM agus na hÉireann
- ▶ D'fhógair an tUas Richard Bruton, TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, cistiú €58 milliún i Lárionad Taighde de chuid SFI - Taighde um Ardábhair agus Bithinnealtóireacht (AMBER)
- ▶ D'óstáil Ambasadóir na hÉireann chun na Breataine Móire, Dan Mulhall, ócáid líonraithe speisialta i Londain le hionadaithe ó phobal taighde bithleighis na hÉireann agus an Wellcome Trust atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe
- ▶ Rinne SFI agus an tionscal infheistíocht €19.8 milliún i dtaighde um inneachar cliste san CNGL (an Lárionad um Inneachar Cliste Domhanda)
- ▶ Síníodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013 ina dhlí



⤴ An Dr Alan O'Riordan, Institiúid Náisiúnta Tyndall; an Dr Riona Sayers, Teagasc, agus Kieran Drain, POF, Tyndall, ag seoladh AgriSense i gCorcaigh.

SAMHAIN

- ▶ Fógraíodh cistiú €29 milliún sa Lárionad Taighde de chuid SFI, Fuinneamh In-athnuaite Muirí na hÉireann (MaREI) i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh
- ▶ Bhí Seachtain na hEolaíochta 2013, 'Exploring the XTRA-Ordinary' ar siúl
- ▶ D'fhreastail breis is 300 taighdeoir ar Chruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI - Delivering 2020
- ▶ Ainmníodh an tOll Fergus Shanahan, UCC, mar Thaighdeoir na Bliana de chuid SFI
- ▶ Bhain Paul Clarke, ar mac léinn é, amach an duais ab airde ag SciFest@SFI Discover 2013



⤴ Michael Murphy, Uachtarán UCC, an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, Aire Taighde agus Nuálaíochta Seán Sherlock, TD agus an tOll Tony Lewis Stiúrthóir Eatramhach MaREI.

NOLLAIG

- ▶ Fógraíodh cistiú €88 milliún i Lárionad Taighde de chuid SFI, Insight, an tIonad um Anailísíocht Sonraí
- ▶ Bronnadh cistiú €8.7 milliún ar Chuibhreannas de chuid an AE faoi cheannas Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn d'fhonn ábhair a fhorbairt chun fíochán cairdiach a athghiniúint tar éis taomanna croí
- ▶ Ceapadh Ann Riordan ina Cathaoirleach ar SFI
- ▶ Faoin nglao Fionnachtana de chuid SFI, déantar cistiú ar shé thionscadal straitéiseacha oideachais agus for-rochtana



⤴ Kevin Sweeney, Iardhochtúireacht, Insight i dteannta le Oonagh Giggins, PhD, Insight, Aire Taighde agus Nuálaíochta, an tUas Seán Sherlock, TD, agus Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUas Richard Bruton TD.

Forbhreathnú 2013 ar Ghníomhaíochtaí

Ba í 2013 an chéad bhliain iomlán inar cuireadh i bhfeidhm Plean Straitéiseach SFI, Clár Oibre 2020, ina meastar sármhaitheas sa taighde eolaíoch i gcomhar lena thionchar lena chinntiú go mbainfear leas as infheistíocht an stáit sa taighde eolaíoch chun tairbhe gheilleagar agus shochái na hÉireann.

Taighde den Scoth le Tionchar

Thacaigh SFI le thart ar 2,600 duine in Éirinn lena áiríodh 451 príomhthaighdeoir in 2013.

Bhí 2,237 foilseachán ina dtoradh ar dhámhachtainí arna gcistiú ag SFI in 2013.

As an líon iomlán foilseachán ó dhámhachtainí gníomhacha, tá comh-údar idirnáisiúnta ag 40% díobh. Tá 50% de na foilseacháin ar fáil i dtaisclanna rochtana oscailte.

Buann Taighdeoirí Péine Duais don Pháipéar Taighde is Fearr



An tUas David Finn, Ceannaire ar Lárionad Néareolaíochta na Gaillimhe, Comhstíúthóir ar an Lárionad um Thaighde Péine in OÉ, Gaillimh.

I mí an Mhárta 2013, bronnadh an Gradam Dochtúra de chuid Acadamh Ríoga Míochaine na hÉireann ar an Dr David Finn as OÉ Gaillimh as ucht an pháipéar taighde ab fhearr a foilsíodh in iris innéacsaithe in 2012, sa chatagóir Phéine/ Ainéistéise.

Foilsíodh an páipéar in Iris Cógaseolaíochta na Breataine (British Journal of Pharmacology).

Choinnigh Éire a seasamh sa rangú idirnáisiúnta ar an 20 tír is fearr maidir le cumas sa taighde eolaíoch.

Rangú Tíre (Thomson Reuters)

Liostaithe de réir Luanna in aghaidh an Pháipéir

1	AN EILVÉIS
2	AN DANMHAIRG
3	SAM
4	AN ÍSILTÍR
5	ALBAIN
6	SASANA
7	AN TSUALAINN
8	AN BHEILG
9	AN FHIONLAINN
10	AN GHEARMÁIN
11	CEANADA
12	AN OSTAIR
13	IOSRAEL
14	AN IORUA
15	AN BHREATAIN BHEAG
16	AN FHRAINIC
17	AN ASTRÁIL
18	AN IODÁIL
19	TUAISCEART ÉIREANN
20	ÉIRE

Foinse: Essential Science IndicatorsSM ó Thomson Reuters

Le roinnt blianta anuas, de bharr infheistíochta ó SFI, tá seasamh na hÉireann fós láidir sa rangú idirnáisiúnta ar chumas sa taighde eolaíoch. Seasamh na hÉireann sna réimsí seo a leanas ach go háirithe:

- 1st** Imdhíoneolaíocht
- 1st** Ainmhithe agus Déiríocht
- 3rd** Naineolaíocht
- 4th** Ríomheolaíocht
- 6th** Eolaíocht na nÁbhar

Luanna in aghaidh an Pháipéir (Tíortha ECFE), InCities



Rinneadh trácht ar leith ar Éirinn san irisleabhar Nature, an iris oirrice eolaíochta, mar cheann de chúig thír atá ag teacht chun cinn ó thaobh taighde ardleibhéil bunaithe ar cháilíocht agus ar chainníocht an taighde eolaíoch a dhéantar in institiúidí taighde na hÉireann.

Leis sin, díritear aird ar an gcáil idirnáisiúnta atá ar Éirinn i measc an phobail eolaíochta dhomhanda agus léirítear luach soiléir an taighde arna chistiú, mar aon le haitheantas air.

Forbairt Fiontar, Téarnamh Geilleagrach agus Cruthú Post

Buaicphointe mór in 2013 arbh ea seoladh seacht Lárionad Taighde de chuid SFI, arbh ionann é agus an chomhpháirtíocht Stáit um thaighde poiblí/príobháideach ba mhó dá leithéid in Éirinn. Tá ranníocaíochtaí airgid agus ranníocaíochtaí comhchineáil ag na Lárionaid Taighde de chuid SFI ó níos mó ná 150 comhpháirtí tionscail agus tacaíonn siad ar bhonn díreach le breis is 800 post. Cruthaíonn na Lárionaid timpeallacht nuálach lena gcuidítear le forbairt cuideachtaí teicneolaíochta nua atá bunaithe in Éirinn, agus atá tarraingteach do thionscail atá ann cheana féin.

Ceardlann Fadhbraitigh na Matamaitice le Tionscal



Léiríonn an Dr Patrick Walsh, POF, Limerick Wave Ltd agus Patrick Kelly teicneolaíocht an fhuinnimh mhuirí dá gcuid don Uas Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta ag dúshlán fadhbréitigh na matamaitice don tionscal á reáchtáil ag Cuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionscal (MACSI).

I mí an Mheithimh, sheol an Cuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionscal (MACSI), Ollscoil Luimnigh, an 93ú Grúpa Staidéir Eorpach leis an Tionscal (ESGI). Bhí sé sin ina dhúshlán dian fadhbréitigh do lucht tionscail, a bhí ar siúl thar thréimhse seachtaine.

Is féidir le fadhbanna an ghrúpa staidéir teacht ó raon leathan réimsí tionscail lena n-áirítear fuinneamh, talmhaíocht, baincúireacht, leigheas agus iompar, agus áirítear leo idir sheachadadh chuig tomhaltóirí a bharrfheabhsú agus anailís a dhéanamh ar conas a shileann uisce trí shíothlán caife. Féadfar gach fadhb a réiteach trí leas a bhaint as an matamaitic mar uirlis chun anailís a dhéanamh uirthi agus an freagra ceart a aimsiú.

Bhí a lán fiontar beag agus meánmhéide rannpháirteach sa ghrúpa staidéir in 2013, agus mheall sé breis is 90 acadóir ó gach cearn den domhan, a d'oibrigh le chéile ar fhadhbanna a réiteach a chuir cuideachtaí i láthair agus a mbeidh tionchar díreach geilleagrach acu.

Áirítear leis na cuideachtaí a chuir dúshlán os comhair an ghrúpa staidéir RUSAL Aughinish Alumina, an scaglann alúmana is mó san Eoraip; Electricity Exchange, córas fíorúil tiomána; agus Limerick Wave, gnólacht nua-thionscanta áitiúil a bhíonn ag plé le fuinneamh muirí.

Lárionaid Taighde SFI

Tá ról lárnach ag Lárionaid Taighde SFI i bplean uailmhianach SFI, Clár Oibre 2020.

Tá **€200 milliún** tiomanta ag SFI do na lárionaid chun tacú le taighde sármhaith ar mhórsála, a mbeidh tionchar aige.

Tá seacht lárionad taighde cheannródaíoch ag SFI anois ar fud na tíre, ina dtacaítear le **800** taighdeoir.

Beidh na lárionaid ag obair le níos mó ná **150** comhpháirtí tionscail.

Réamh-mheastar go dtiomnóidh an tionscal tuairim is **€100 milliún** thar na sé bliana atá amach romhainn do na lárionaid sin chun taighde ceannródaíoch den chéad scoth a dhéanamh.



Lárionad Taighde um Ardábhair agus Bithinnealtóireacht (AMBER)

Buiséad €50.5m (SFI €27.3m, Tionscal €23.2m)

- ▶ Forbairt gléasanna leictreonacha nanascála feabhsaithe i gcomhair feidhmeanna próiseála sonraí agus cuimhne
- ▶ Ábhair nua chun tacú le nuálaíocht i bhfeistí leighis agus i gcórais seachadta, ionchlannáin bunaithe ar theiripí núíosacha, agus innealtóireacht um fhíocháin athghiniúnacha
- ▶ Ábhair núíosacha le haghaidh táirgí nua i réimsí amhail an tionscal buidéalaithe, fuinneamh gréine, feistí leighis, diagnóisic leighis, agus scagadh ceimiceach agus bitheolaíoch
- ▶ Foirmlithe agus pacáistí núíosacha chun feabhas a chur ar dháileadh earraí cógaisíochta

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscail** Intel, DePuy, Medtronic, Thomas Swan, Sigmoid, Eblana, Western Digital agus SAB Miller.

Áirítear leis na **comhpháirtithe acadúla** an phríomhinstiúid, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

www.ambercentre.ie



Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC)

Buiséad €42.6 (SFI €28m, Tionscal €14.6m)

- ▶ Miceaflóra an ghoile agus stádas sláinte
- ▶ Baictéir a chuireann an tsláinte chun cinn agus comhábhair bhia lena n-ionchorprú isteach i mbianna feidhmiúla le haghaidh sláinte níos fearr
- ▶ Ábhair bhithghníomhacha núíosacha chun cóir a chur ar ghalair stéigeacha agus ar ghalair thógálacha
- ▶ Saincheisteanna sochaíoch: galair a chosc, fios feabhsaithe agus aosú folláin

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscail** Kerry Group, Suntory, Cremo, General Mills, Alimentary Health.

Áirítear leis na **comhpháirtithe acadúla** an phríomhinstiúid, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Teagasc (Údarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia na hÉireann).

www.apc.ucc.ie



Lárionad Anailísíochta Sonraí (Insight)

Buiséad €75.1m (SFI €44.4m, Tionscal €30.7m)

- ▶ Anailísíocht sonraí
- ▶ Meaisínfhoghlaim agus mianadóireacht sonraí
- ▶ Anailísíocht mheán agus optamú
- ▶ Optamú agus anailísíocht um chinntí
- ▶ An gréasán séimeantach, sonraí cónasctha agus gréasán na mbraiteoirí
- ▶ Sláinte cheangailte

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscail** RTÉ, Cisco, Microsoft, Sports Surgery Clinic, an IRFU, TE Labs, TreeMetrics, NitroSell, Avego, Fujitsu, Adidas, Shimmer agus a lán eile.

Comhpháirtithe acadúla Comhthionscnamh is ea Insight idir DCU, OÉ Gaillimh, UCC agus UCD agus institiúidí comhpháirtíochta eile.

www.insight-centre.org

TAIGHDE IMBHREITHE FUINNEAMH IN-ATHNUAITE MUIRÍ OLLTIOMSÚ SONRAÍ

ÁBHAIR

BIANNA FEIDHMIÚLA

ICNEOLAÍOCHT

CÓGASEOLAÍOCHT

BIA NA SLÁINTE



An Institiúid um Thaighde Aistritheach Féatas agus Nua-naíonna (INFANT)

Buiséad €12m (SFI €6m, Tionscal €6m)

- ▶ Taighde imbheirthe
- ▶ Tástálacha núíosacha scagtha agus diagnóiseacha
- ▶ Modhanna núíosacha chun monatóireacht a dhéanamh ar thoircheas agus ar leanáí nuabheirthe

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscal** Waters Corporation, IBM, Incereb, Inspiration Healthcare, Kvikna, Pfizer, BrepCo Pharmaceutical, Alere, MedSci Net, Newsweaver.

Áirítear leis na **comhpháirtithe acadúla** an phríomhinstitiúid, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

www.infantcentre.ie



Láirionad Taighde na hÉireann um Chomhtháthú Fótóinaice (I-PIC)

Buiséad €23.2m (SFI €15.2m, Tionscal €8m) Straitéisí Comhtháthaithe um Ghléasanna agus Chórais Fótóinaice i gcomhair feidhmeanna amhail:

- ▶ Diagnóisic ag an bPointe Cúraim
- ▶ Ardliónraí teileachumarsáide
- ▶ Anailís ar Chealla agus ar Fhíocháin

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscal** Intel, British Telecom, Somex, InfiniLED, Radisens, Firecomms, Luxcel Biosciences, X-Celeprint, Eblana, Pilot Photonics, M/A-COM.

Áirítear leis na **comhpháirtithe acadúla** an phríomhinstitiúid, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

www.ipic.ie



Fuinneamh Inathnuaite Muirí na hÉireann (MaREI)

Buiséad €25m (SFI €14.7m, Tionscal €10.3m)

- ▶ Feistí um fhuinneamh inathnuaite muirí
- ▶ Ábhair núíosacha le haghaidh córais fuinnimh inathnuaite muirí
- ▶ Gníomhachtú cumhachta agus stóráil fuinnimh do chórais fuinnimh inathnuaite muirí
- ▶ Tacaíocht chinnteoireachta agus bainistíocht sonraí maidir le fuinnimh inathnuaite muirí

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscal** ESB Energy International, DePuy, Shell, E & P Ireland Ltd, Marsh Teicneolaíocht, SSE Renewables, Techworks marine agus go leor gnólachtaí eile atá amuigh chun tosaigh sa margadh domhanda, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide dhúchasacha i réimse an fhuinnimh, na teicneolaíochta mara, na mbogearraí agus na gcrua-earraí.

Áirítear leis na **comhpháirtithe acadúla** an phríomhinstitiúid Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Luimnigh, OÉ Gaillimh, OÉ Má Nuad, Foras na Mara agus Teagasc.

www.marei.ie



An Láirionad Cógaisíochta um Shintéis & Sholadstaid (SSPC)

Buiséad €31.8m (SFI €22m, Tionscal €9.8m)

- ▶ Teorainneacha nua maidir le sintéis chógaisíochta
- ▶ Fás agus dearadh criostal
- ▶ Foirmliú agus monarú táirgí drugaí

Áirítear leis na **comhpháirtithe tionscal** Pfizer, GlaxoSmithKline Eli Lilly SA, Janssen Pharmaceuticals, Merck Sharpe & Dohme, Bristol Myers Squibb, Roche Ireland, Alkermes, Abbvie, UCB (Schwarz Pharma), APC Limited, Scale-Up Systems, Clarochem Ireland, Innopharma Labs, Eirgen Pharma Ltd, Glantreo, Amebis.

Áirítear leis na **comhpháirtithe acadúla** an phríomhinstitiúid Ollscoil Luimnigh agus TCD, UCC, UCD, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus OÉ Gaillimh.

www.ul.ie/sspc

Tríúr faighteoirí na ndámhachtainí PIYRA 2013 in Áras an Uachtaráin



▲
An Dr Carel Le Roux, an Dr Valeria Nicolosi, Uachtaran na hÉireann Micheál D Ó hUiginn, an Dr Matthew Campbell agus an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI.

Tá Dámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann (PIYRA) ar an dámhachtain is mó le rá arna bronnadh ag SFI d'fhonn taighdeoirí óga a earcú agus a choinneáil. Cuireann an clár béim ar an tábhacht a chuireann SFI ar luath fhorbairt na ngairmeacha taighde. Leis an dámhachtain, tugtar aitheantas d'innealtóirí agus eolaithe den scoth a bhfuil sé léirithe acu cheana féin, go luath ina gcuid ngairmeacha, go bhfuil acmhainneacht eisceachtúil acu maidir leis an gceannaireacht ag teorainneacha an eolais. In 2013, bhronn SFI trí dhámhachtain PIYRA ar an Dr Carel Le Roux, an Dr Matthew Campbell agus an Dr Valeria Nicolosi.

Sheol SFI trí chlár nua atá dírithe ar an tionscal in 2013:

- ▶ Soláthraíonn Clár Spokes um Lárionad Taighde SFI slí do chomhpháirtithe tionscail nua páirt a ghlacadh sna Lárionaid Taighde de chuid SFI atá ann cheana féin.
- ▶ Ceapadh Clár Comhaltachta Tionscal SFI chun caidrimh acadúla a fhorbairt leis an tionscal trí mhalartuithe idir an saol acadúil agus an tionscal in Éirinn agus thar lear, agus chun tacú leis na caidrimh sin.
- ▶ Tá Clár Comhpháirtíochta Straitéisí SFI dírithe ar chistiú a dhéanamh ar dheiseanna taighde láidre ar bhonn solúbtha. Tá sé ina aidhm ag an scéim tacú le tionscnaimh aonair ar mhórsála a bhfuil cumas mór acu le haghaidh tionchar geilleagrach agus sochaíoch a sheachadadh i gcomhair na hÉireann.

In 2013, rinneadh infheistíocht shuntasach €9.7 milliún in 83 tionscadal taighde fheidhmigh nua faoi Dhámhachtainí SFI um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA). Faoin gClár TIDA de chuid SFI, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, cuirtear ar chumas taighdeoirí díriú ar na chéad chéimeanna de thionscadal taighde fheidhmigh. Gné eile den chlár TIDA is ea an oiliúint fiontraíochta arna sheachadadh ag Acadamh Fiontraíochta Ryan in DCU. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon daoine ag freastal ar an gcúrsa le trí bliana anuas, agus cuireadh oiliúint ar 70 duine aonair in 2013.

Bhí na haschuir réamh-thráchtála ó thaighdeoirí atá cistithe ag SFI fós láidir in 2013 agus áirítear leo:

- ▶ 4 mhac-chuideachta
- ▶ 27 comhaontú ceadúnais
- ▶ paitinn comhdaithe
- ▶ 11 paitinn bronnta
- ▶ Sainaitníodh 8 bpaitinn mar chinn ar baineadh leas astu (mar shampla trí cheadúnais nó trí sheachthairbhí)
- ▶ Rannchuidiú le 3 chaighdeán

Rinne taighdeoirí SFI tuairisciú ar bhreis is 1,800 comhoibriú le tionscal in 2013, a raibh baint dhíreach ag 901 acu lena ndámhachtain SFI; 460 le corparáidí ilnáisiúnta agus 441 le fiontair bheaga agus mheánmhéide. Is iad seo a leanas an dá phríomhchúis a luaigh taighdeoirí SFI leis na comhoibríthe sin:

(1) foghlaim faoi chumas smaointe agus roghanna le haghaidh treoracha féideartha nua ó thaobh T&F sa todhchaí (33%) agus/nó tástáil a dhéanamh ar na cumais sin; agus

(2) síneadh solúbtha, atá éifeachtach ó thaobh costais, a sholáthar maidir leis na hacmhainní T&F atá ar fáil don eagraíocht (32%).

Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig SFI

Ag Tacú le Forbairt na dTaighdeoirí Luathghairme

Tá tiomantas ag SFI maidir le tacú le taighdeoirí atá ag tosú amach ina gcuid gairmeacha nó ina lár agus a bhfuil an acmhainn is mó acu a bheith ina gceannairí lán-neamhspleácha den scoth. In 2013 rinne SFI bainistiú ar shraith chuimsitheach clár cistiúcháin chun an cuspóir sin a bhaint amach. Rinne SFI ath-seoladh ar an gClár um Dheontais Taighde d'Imscrúdaitheoir ag Tús Gairme (SIRG) agus, den chéad uair, sheol sé clár nua a bhí dírithe ar imscrúdaitheoirí atá ag tosú amach ina gcuid gairmeacha nó ina lár agus a bhfuil poist dáimhe acu, an Dámhachtain Forbartha Gairme (CDA). Bhí siadsan anuas ar shraith reatha SFI de scéimeanna d'imschrúdaitheoirí atá ag tosú amach ina gcuid gairmeacha nó ina lár, lena n-áirítear Dámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann (PIYRA), Comhaltacht um Fhorbairt Gairme Taighde (RCDF) de chuid an Wellcome Trust, Clár Comhaltachta Tionscal SFI agus oiliúint indéantachta TIDA.

Bhí SFI ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Taighde na hÉireann ar chlár fostaíochta de chuid na Comhairle trínar tugadh eispéreas oideachasúil a bhí dírithe ar an bhfostaíocht do mhic léinn dochtúireachta agus do thaighdeoirí iarchéime.

Ina theannta sin, in 2013, sheol SFI Clár Intéirneachta SFI, lena tugadh an deis do thaighdeoirí óga a bheith ag obair sna hearnálacha riaracháin deontas agus beartas de chuid SFI.

Comhdhéanamh na bhFoirne Taighde

In 2013, thacaigh foirne SFI le 1,610 taighdeoir a bhí ag tosú amach ina gcuid gairmeacha nó ina lár.

Taighdeoirí
Iardhoctúireachta

584

Mic Léinn Iarchéime
(PhD)

955

Mic Léinn
Iarchéime (MSc)

56

Mic Léinn Fochéime

15



An Taoiseach, Enda Kenny, TD, le linn chlár Lá Fhéile Pádraig i Washington DC.

D'fhonn spreagadh agus aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne Diaspóra na hÉireann ar son na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice, agus dá rannpháirtíocht sna réimsí sin, sheol an Taoiseach, Enda Kenny TD, an glao ar aighneachtaí do Bhonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig SFI i Washington ag an bhfáil bliantúil Lá Fhéile Pádraig i mí an Mhárta 2013.

Bronntar an Bonn ar eolaí, innealtóir, nó ceannródaí teicneolaíochta oirce de bhunús na hÉireann atá ag cónaí agus ag obair i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Tógann an tionscnamh ar chaidreamh SFI leis na líonraí diaspóra eolaíochta, go háirithe Líonra na nGéanna Fíaine d'Eolaithe Éireannacha agus an Grúpa Ceannródaithe Teicneolaíochta Éireannacha.



Caidrimh a chothú idir pobal taighde bithleighis na hÉireann agus an Wellcome Trust

Ócáid Líonraithe SFI-HRB Wellcome Trust. An tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, an tUas Dan Mulhall, Ambasadóir ag Ambasáid na hÉireann, Londain, an tOll Jeremy Farrar, Stiúrthóir an Wellcome Trust agus Enda Connolly, Príomhfheidhmeannach an Bhoird Taighde Sláinte (HRB).

Ag cur le Clú Idirnáisiúnta na hÉirean

Tá cáil na hÉireann mar shuíomh do thaighde den chéad scoth ag dul i méid go fóill. Bhí níos mó ná 1,955 comhoibriú acadúil ar bun in 2013, a raibh 71% díobh le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Clúdaíonn na comhoibríthe idirnáisiúnta an chuid is mó de thíortha na cruinne. Is le hinstiúidí acadúla Eorpacha atá a bhformhór (62%), agus tá 27% agus 6% díobh le Meiriceá Thuaidh agus leis an Áise faoi seach.

Thuairiscigh taighdeoirí atá cistithe ag SFI 3,996 foilseachán san iomlán in 2013. Díobh sin, cuireadh 2,237 foilseachán i leith dhámhachtainí SFI, a raibh 40% díobh scríofa i gcomhar le comhghleacaithe idirnáisiúnta. Soláthraíonn na comhoibríthe sin bunús maith le haghaidh comhpháirtíochtaí a thógáil faoin tionscnamh Horizon 2020.

Bhí baint ag taighdeoirí arna gcistiú ag SFI le heagrú 715 comhdháil agus ceardlann náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2013. Tionóladh 417 díobh in Éirinn (58%), 193 san Eoraip (27%), 105 i dtíortha lasmuigh den Eoraip (15%), lena n-áirítear na Stáit Aontaithe (56 comhdháil) agus an tSín (15 comhdháil).

Líon na gComhdhálacha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 2013

417	193	105
58% Éire	27% An Eoraip	15% Cuid eile den Domhan


Ina theannta sin, rinneadh cistiú ar 55 comhdháil, ceardlann agus imeacht rannpháirtíochta agus forrochtana poiblí in 2013 faoi Chlár Comhdhálacha agus Ceardlanna SFI.

Trí Dhámhachtainí SFI um Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta (ISCA) do chuibhreannais instiúidí ardoideachais na hÉireann, táthar tar éis tús a chur le tógáil comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis an tSín, leis an mBrasaíl, agus leis an India. Le babhta na bliana 2013 den ghlaó ISCA, bhí sé ina chuspóir na comhpháirtíochtaí sin a neartú agus comhpháirtíochtaí nua a thógáil leis an tSeapáin,

rud a chuirfeadh feabhas ar cháil na hÉireann mar shuíomh do thaighde den chéad scoth agus mar stát ina dtacaítear ar bhonn gníomhach le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus ina bhforbraítear an infheistíocht sin.

Ghlac SFI páirt i roinnt imeachtaí idirnáisiúnta i rith na bliana 2013:

- ▶ I mí Feabhra, chuaigh SFI i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid na hÉireann, Washington, agus le hOifig na Stát Aontaithe de chuid an Chomhairleora Eolaíochta agus Teicneolaíochta don Rúnaí (STAS) chun imeacht a óstáil ar Líonraí Diaspóraí san Innealtóireacht agus san Eolaíocht (NODES). Féachtar leis an tionscnamh sin chun líonraí eolais eolaíochta diaspóra a fhorbairt idir na Stáit Aontaithe agus tíortha eile. Bhí an t-imeacht sin ar siúl le linn agus i gcomhar le cruinniú bliantúil an Chumainn Mheiriceánaigh um Chur Chun Cinn na hEolaíochta (AAAS). Ghlac comhdháil Líonra na nGéanna Fiáine d'Eolaithe Éireannacha páirt san imeacht freisin.



- ▶ Ócáid Líonraithe SFI-HRB Wellcome Trust, Deireadh Fómhair 2013. D'óstáil Ambasadóir na hÉireann chun na Breataine Móire, Dan Mulhall, ócáid líonraithe speisialta i Londain le hionadaithe ó phobal taighde bithleighis na hÉireann agus an Wellcome Trust, fondúireacht charthanais dhomhanda atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Ceapadh an t-imeacht chun caidrimh a chothú idir pobal taighde bithleighis na hÉireann agus an foras cistiúcháin idirnáisiúnta.
- ▶ Chuaigh an Taoiseach, an tUas Enda Kenny TD, ar chuairt Trádála go dtí an tSeapáin ag tús mhí na Nollag. Thaistil an tOll Mark Ferguson mar bhall de thoscaireacht na hÉireann. Agus é sa tSeapáin, bhuail sé le Gníomhaireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine (JST), le Cumann na Seapáine um Chur Chun Cinn na hEolaíochta (JSPS), agus leis an gComhairle um Beartas Eolaíochta agus Teicneolaíochta (CSTP). Labhair an tOll Ferguson freisin ag Siompóisiam Fuinnimh Ghlais a eagraíodh le hEagraíocht Trádála Coigríche na Seapáine (JETRO) faoi thaighde in Éirinn sa réimse sin. Seoladh cuibhreannas ISCA na Seapáine le linn chuairt an Taoisigh.

Comhoibrithe Acadúla Idirnáisiúnta in 2013 de réir Tíre Curtha i leith Dhámhachtainí Áirimh Gníomhacha SFI)

An Astráil	34	An Laitvia	1
An Ostair	20	Lucsamburg	1
An Bhealarúis	2	An Ísiltír	46
An Bheilg	21	An Nua-Shéalainn	14
An Bhrasáil	16	Tuaisceart Éireann	29
An Bhulgáir	1	An Iorua	5
Ceanada	45	An Phacastáin	1
An tSile	2	An Pholainn	7
An tSín	28	An Phortaingéilil	8
Poblacht na Seice	5	An Rúis	2
An Danmhairg	24	An Araib Shádach	5
An Eastóin	2	Singepór	11
An Fhionlainn	17	An tSlóivéin	5
An Fhrainc	91	An Afraic Theas	3
An tSeoirsia	1	An Spáinn	54
An Ghearmáin	124	An tSualainn	38
An Ghréig	4	An Eilvéis	22
An Ungáir	2	An Téaváin	2
An India	11	An Tuirc	4
An Iaráin	2	Uganda	1
Iosrael	3	An Ríocht Aontaithe	271
An Iodáil	51	Na Stáit Aontaithe	323
An tSeapáin	12	Vitneam	2
An Chóiré Theas	9		
Cuáit	1	Móiriamlán	1,383



Uachtaránacht na hÉireann ag tabhairt le chéile Clár Náisiúnta Taighde



An tUas Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, Coimisinéir Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Máire Geoghegan-Quinn agus an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI.

I mí Feabhra, d'óstáil SFI an Chomhdháil Chomhphleanála 'An Clár Oibre don Todhchaí agus Éachtaí go dtí seo' [Agenda for the Future & Achievements to Date]. Ba imeacht lárnach de chuid Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE í an chomhdháil sin. Tionóladh an chomhdháil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail os cionn 320 tosaire ó 48 tír uirthi.

Thug an chomhdháil le chéile lucht déanta beartas, lucht cistithe taighde náisiúnta, rannpháirtithe comhphleanála, taighdeoirí, na hinstiúidí taighde agus ardoideachais is fearr san Eoraip, cuideachtaí tionsclaíochta móra agus fiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha ó réimse leathan eárnálacha feidhmiúcháin, agus páirtithe leasmhara eile chun an taithí a bhí acu i dtaca le Comhphleanáil a phlé, measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus an tionchar go dtí seo agus dúshlán agus tosaíochtaí amach anseo a bhreithniú.

I measc na bpríomhchainteoirí bhí an Coimisinéir um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, Máire Geoghegan-Quinn, Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta Taighde agus Nuálaíochta, Robert-Jan Smits, Rimantas Vaitkus, an Leas-Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Liotuáin, Maria da Graça Carvalho, Feisire Pharlaimint na hEorpa, Josef Zboril, Ball de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI. Cuireadh toradh agus príomhchonclúidí na comhdhála faoi bhráid Chomhairle Iomaíochais mhí na Bealtaine lena bplé

Gníomhaíochtaí san Eoraip

Rinneadh Horizon 2020, an clár cistithe €80 billiún le haghaidh taighde eolaíoch laistigh den AE, a fhaomhadh faoi Uachtaránacht na hÉireann in 2013 agus tacófar faoi le taighde ar fud an AE thar an tréimhse 2014-2020.

Leis an gcistiú breise faoin tionscnamh Horizon 2020, d'fhorbair SFI plan straitéiseach chun cúnamh a thabhairt don phobal taighde in Éirinn cistiú a fháil ó Choimisiún an AE. Fuair taighdeoirí SFI cistiú seachtrach €56 milliún ó fhoinsí AE in 2013.

Tá ról tábhachtach ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) maidir leis an taighde a chistiú san Eoraip, agus tá buiséad €7.5 billiún aici thar shaolré an 7ú Creatchlár (2007–2013). Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú leis na daoine aonair agus na foirne is cumasaí faoin tionscnamh 'Fís 2020', agus táthar ag súil go n-ardófar a buiséad go dtí iomlán de €13 billiún.

D'éirigh le taighdeoirí atá bunaithe in Éirinn 35 deontas a fháil ar fud na scéimeanna éagsúla arna dtairiscint ag an ERC.

Gníomhaíonn SFI agus Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) mar Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) agus mar Thoscairí Náisiúnta don chlár sin agus beidh SFI ag obair i gcomhpháirtíocht leis an IRC, chun cur le rannpháirtíocht na hÉireann i ngach scéim de chuid an ERC, mar aon leis an rath a bhíonn uirthi sna scéimeanna sin.

Mar chuid den tacaíocht agus den bhéim ar dhámhachtainí a mhéadú, tacaíonn Clár Forbartha ERC de chuid SFI le taighdeoirí a bhfuil togra curtha faoi bhráid chlár an ERC um Dheontais Tosaithe, um Dheontais Chomhdhlúthúcháin agus um Dheontais Ardleibhéil, agus a measadh gur cheart cistiú a thabhairt dóibh, ach nach bhfuair cistiú ón ERC sa deireadh de bharr easpa acmhainní i mbuiséad an chlár. Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú le taighdeoirí athiarratas a dhéanamh ar scéim cistithe de chuid an ERC, nó feabhas a chur ar athiarratas, rud a chuirfidh le rath na hÉireann i nglaoanna an ERC.

Faoi chlár eile de chuid SFI, an dámhachtain Tacaíochta ERC de chuid SFI, tugtar cúnamh d'óstinstiúidí Éireannacha an tacaíocht chuí a chur ar fáil do thaighdeoirí a éiríonn leo cistiú a fháil ón ERC. Ar deireadh, tá critéir incháilitheachta tosaíochta leagtha amach ag SFI chun a chur ar chumas taighdeoirí ar éirigh leo cistiú a fháil ón ERC agus atá lonnaithe in Éirinn iarratas a dhéanamh ar roinnt clár de chuid SFI.

Dul Chun Cinn maidir leis an Tuiscint ar Ailse san Óige

Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Ireland held the Presidency of the Council of the Bhí Uachtaránacht Chomhairle an AE ag Éirinn don seachtú huair ó Eanáir go Meitheamh 2013. Bhí baint ag SFI le gníomhaíochtaí agus imeachtaí éagsúla ar feadh na hUachtaránachta.

D'óstáil SFI an Chomhdháil Chomhphleanála "An Clár Oibre don Todhchaí agus Éachtaí go dtí seo" [Agenda for the Future & Achievements to Date] mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann.

Thar ceann SFI, ghlac an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, páirt in a lán imeachtaí agus gníomhaíochtaí mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann. Áiríodh leo sin Eolaíocht an AE: Dúshláin Dhomhanda [EU Science: Global Challenges], Comhdháil um Chomhoibriú Domhanda; Fóram Eorpach Sonraí (EDA); Comhdháil IUA: Gairmeacha Taighdeora agus Soghluaisteacht; Comhdháil um Shamhail Ghnó agus Tionchar an Taighde a Athrú; Cruinniú Mullaigh Eorpach um Riosca; Ceardlann Pharlaiminteach de chuid an AE ar an bPrionsabal Réamhchúramach i gCeapadh Beartais, agus Cruinnithe na Comhairle Iomaíochais.

Ar chlúdach tosaigh eagrán mhí Lúnasa de Developmental Cill, tá obair a rinne Saotharlann Bracken lena léirítear go bhfuil an phróitéin CHD5 i láthair i néaróin aibí (dearg), ach nach bhfuil sí i néarablastaí neamhaibí ná i ngaschealla néaracha (gorm).

Is é an néarablastóma an ailse is coitianta i leanaí níos óige ná dhá bhliain d'aois. Ailse is ea é a ghoileann ar néarchealla speisialta, ar a dtugtar néarablastaí, atá le fáil ar fud an choirp. De ghnáth, fásann na cealla neamhaibí sin agus aibíonn siad ina néarchealla feidhmiúla. I gcás an Néarablastóma, áfach, teipeann orthu teacht chun aibíochta agus athraíonn siad ina gcealla ailse ina ionad sin.

Tá dul chun cinn suntasach ar an tuiscint ar Néarablastóma déanta ag eolaithe ó Institiúid Ghéineolaíochta Smurfit i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'fhoilsigh an grúpa, faoi stiúir an Dr Adrian Bracken, agus arna chistiú ag SFI, a chuid torthaí sa phríomhírís idirnáisiúnta, Developmental Cell, i mí Lúnasa 2013.


Dírítear sa staidéar ar mhóilín i gcealla ar a dtugtar CHD5. Bíonn an ghéin CHD5 scriosta i leanaí a bhfuil an fhoirm is measa den Néarablastóma orthu. Léiríodh sa taighde gurb amhlaidh, in éagmais CHD5, nach bhfuil ar chumas na néarablastaí aibiú nó 'idirhealú' ina néaróin aibí.

Is gné lárnach é tuiscint a fháil ar ról na ngéinte a bhfuil a scriosadh nó a neamhghníomhú bainteach le galair maidir le straitéisí teiripeacha cliste a dhearadh. Táthar ag súil go mbeidh cóireálacha nua, feabhsaithe do leanaí a bhfuil an galar seo orthu ina dtoradh ar an taighde seo.

Ag gearáil cistiú breise

Fuair taighdeoirí SFI €125 milliún in 2013 ó fhoinsí seachtracha, lena n-áirítear €56 milliún de chistiú ó fhoinsí an AE. Tá cóimheas an chistithe nach ó Státhchiste na hÉireann é leis sin ó Státhchiste na hÉireann nach mór 2:1, ar fheabhsú é ar chóimheas na bliana 2012 arbh ionann é agus 1.5: 1; agus bhí cóimheas an chistithe Náisiúnta le cistiú Idirnáisiúnta cóngarach do 1:1.

Ghíaráil taighdeoirí SFI €125m in 2013 ó fhoinsí seachtracha




Achoimre ar Chistiú Seachtrach daingnithe ag Taighdeoirí arna gcistiú ag SFI in 2013

	Ó Státhchiste na hÉireann	Nach ó Státhchiste na hÉireann é	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
2013	43,173,517	82,025,608	52,705,583	60,325,096
Cóimheas	1:1.9		1:1.1	
2012	67,469,365	103,571,525	70,446,495	86,250,058
Cóimheas	1:1.5		1:1.2	

Méid an Chistithe Sheachtraigh daingnithe ag Taighdeoirí arna gcistiú ag SFI in 2013

	2013
AE	55,767,703
Fiontraíocht Éireann (EI)	19,182,809
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhábúis (Éireannach)	9,532,066
Fiontar Príobháideach	9,668,446
Comhairle Taighde na hÉireann (IRC)	6,561,937
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	6,526,117
An Bord Taighde Sláinte (HRB)	5,738,466
Foinse Eile	2,500,000
Foinse Eile um Rialtas na hÉireann	2,314,938
Teagasc	1,420,630
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhábúis (Idirnáisiúnta)	1,178,511
Foinse Eile um Rialtas Idirnáisiúnta	1,477,291
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)	918,563
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	1,895,991
An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA)	482,957
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha (RCFAN)	27,100
Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta na Stát Aontaithe (NSF)	5,600
Iomlán	125,199,125



Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí

Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha tógtha ag SFI le gníomhaireachtaí náisiúnta eile i gcomhair comhthionscnaimh chistiúcháin. Ina measc siúd, tá:

- ▶ An comhaontú comhoibrithe 'Future Agri-Food' idir SFI agus Teagasc, inar chomhaontaigh siad comhchistiú a dhéanamh ar dheontais taighde idir eolaithe ó dhisciplíní na talmhaíochta agus an bhia agus eolaithe ó dhisciplíní eolaíochta agus innealtóireachta eile.
- ▶ SFI agus an IRC atá ag comhoibriú ar dhá thionscnamh ar leith faoina ndéanfar cistiú ar thionscadail sa chlár fostaíocht-bhunaithe agus in oideachas agus for-rochtain STEM.
- ▶ SFI agus an tÚdarás um Ard-Oideachas a bhfuil roinnt tionscadal Beartais Eolaíochta ar bun acu faoina ndéanfar scrúdú ar ábhair ar nós an tionchar a bhíonn ag caiteachas T&F ar nuálaíocht agus ar an toradh geilleagrach don stát. Tugadh cistiú do thrí tionscadal san iomlán, a raibh dhá cheann acu comhchistithe leis an Údarás um Ard-Oideachas.
- ▶ Leanann SFI agus a chomhghníomhaireacht, Fiontraíocht Éireann, ag obair go dlúth ar TIDA, atá dírithe ar thráchtáil.
- ▶ Leanann an chomhpháirtíocht SFI-HRB-Wellcome Trust ag déanamh cistiú ar thionscadail taighde bithleighe a bhfuil ag éirí go maith leo.

Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

- ▶ Bhunaigh SFI comhpháirtíocht nua leis an bhFondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (NSF) sna Stáit Aontaithe faoin tionscnamh um Dheiseanna Taighde Iarchéime Domhanda (GROW).
- ▶ Trí Dhámhachtainí SFI um Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta (ISCA) do chuibhreannais institiúidí ardoideachais na hÉireann, táthar tar éis tús a chur le tógáil comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis an tSín, leis an mBrasaíl, agus leis an India. Le babhta na bliana 2013 den ghlaó ISCA, tá sé ina chuspóir na comhpháirtíochtaí sin a neartú agus comhpháirtíochtaí nua a thógáil leis an tSeapáin.

- ▶ Tionscnamh uathúil is ea Comhpháirtíocht T&F na Stát Aontaithe agus na hÉireann a bhfuil sé i gceist leis cistiú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí i dtrí dhlíne: Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), Poblacht na hÉireann (PÉ) agus Tuaisceart Éireann (TÉ). Faoi Chlár Comhpháirtíochta T&F na Stát Aontaithe agus na hÉireann, tá meicníocht 'togra amháin, athbhreithniú amháin' á éascú ag an bhFondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (NSF) agus ag Institiúidí Náisiúnta Sláinte, a ghlacann le hiarratais ó fhoirne ó thrí dhlíne (SAM, TÉ agus PÉ) chuig roinnt dá gcuid clár cistithe reatha.

Tionscnamh GROW



Stiúrthóir Gníomhach NSF, Cora Marrett agus an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI.

Bhunaigh SFI comhpháirtíocht nua leis an bhFondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (NSF) sna Stáit Aontaithe chun deiseanna taighde a fhorbairt agus a éascú in Éirinn do na taighdeoirí óga is fearr i gClár Comhaltachta Taighde Iarchéime an NSF, faoin tionscnamh um Dheiseanna Taighde Iarchéime Domhanda (GROW).

Faoin gcomhpháirtíocht, cuirtear ar chumas níos mó ná 5,000 de na taighdeoirí is fearr sna Stáit Aontaithe arna gcistiú ag an NSF suas le bliain a chaitheamh ag déanamh taighde in institiúidí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Éire anois.

Anois beidh na taighdeoirí sin in ann iarratas a dhéanamh chuig gach ceann de na grúpaí taighde móra agus na lárionaid arna gcistiú ag SFI mar chuid den chlár GROW.

Oideachas agus Rannpháirtíocht leis an bPobal

In 2013, leathnaíodh sainchúram SFI ionas go gcuirtear cistiú ar fáil chun staidéar i réimsí STEM a chur chun cinn, mar aon le hoideachas ina leith agus feasacht orthu.

Sheol SFI Clár Fionnachtana SFI lena n-áirítear oideachas agus imeachtaí poiblí agus glaonna cistithe iomaíochta, a ndéantar athbhreithniú idirnáisiúnta orthu, chun tacú le tionscadail rannpháirtíochta STEM.

Faoi chlár Fionnachtana SFI, táthar ag leanúint ar aghaidh ag freastal ar an ngá atá ann cur le líon na mac léinn a dhéanann staidéar ar STEM ar leibhéal bunscoile agus meánscoile. Díreann faoin gclár freisin ar an bpobal is mó rannpháirtíochta agus is eolaíche ar an eolaíocht a chruthú trína chuid gníomhaíochtaí agus imeachtaí.

Oideachas Bunscoile

Is é an Clár Fionnachtana Eolaíochta agus Matamaitice Bunscoile an príomhchlár ar an mbunleibhéal agus dearadh é ionas go mbeadh sé inrochtana ag gach bunscoil a bhfuil an curaclam Oideachais Shóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) á leanúint aici. Airítear leis na príomhghníomhaíochtaí le linn na bliana 2013:

6,390 Múinteoir cláraithe thar 2,970 scoil (91%).

42 Lárionad Fionnachtana le cláir eolaíochta creidiúnaithe acu oiriúnach do chuirteanna scoile, s.rl.

51 múinteoir a d'fhreastail ar chúrsaí Matamaitice an tSamhraidh seachadta i dtíre láthair.

470 scoil a fuair Dámhachtain um Shármhaitheas Eolaíochta & Matamaitice in 2013.

4,000+ múinteoir i **250** scoil tar éis clárú chun oiliúint iar-scoile a fháil in 2013/2014.

Tá gníomhaíochtaí teagmhálacha an tseomra ranga mapáilte sa churaclam ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Ag an láithreán gréasáin buaite gradam bhí

400,000 amharc leathanaigh

75,000 cuairt / 47,000 uathúil

6,390 Múinteoir cláraithe thar 2,970 scoil



Aoibhinn Ní Shúilleabháin le daltaí ag seoladh na nDámhachtainí Fionnachtana Eolaíochta agus Matamaitice Bunscoile

Oideachas Meánscoile

Faoin tionscnamh Todhchaí Chliste [Smart Futures], an tionscnamh gairmeacha STEM, leanadh ag soláthar eolais agus acmhainní faoi ghairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht do mhic léinn dara leibhéal, do mhúinteoirí, do chomhairleoirí gairmthreorach agus do thuismitheoirí.



Bunaíodh Fóram Comhairleach Todhchaí Chliste chun tacaíocht straitéiseach a chur ar fáil do chur i bhfeidhm an tionscnaimh.

Tugtar le chéile roinnt ionadaithe ón tionscal, ó réimse an oideachais agus ón rialtas ar an bhfóram chun a bheith rannpháirteach i ngrúpa comhairleach.

Tá tús curtha leis an obair ar straitéis a fhorbairt i leith Todhchaí Chliste don tréimhse go dtí 2016. Dírionn an straitéis ar mheicníocht chun comhairle gairme chomhordaithe le haghaidh ábhair STEM a sheachadadh do mhic léinn dara leibhéal, do mhúinteoirí, do ghairmithe gairmthreorach agus do thuismitheoirí. I rith 2013, chuaigh Todhchaí Chliste, i gcomhar leis an gclár STEPS de chuid Innealtóirí Éireann, i mbun rannpháirtíochta díri le breis is 28,000 mac léinn.

Feasacht

In 2013, ghlac SFI céimeanna chun comhdhlúthú a dhéanamh ar na meicníochtaí le haghaidh cistiú a dhéanamh ar rannpháirtíocht an phobail agus oideachas don phobal i réimsí STEM do thríú páirtithe trí ghlaonna iomaíocha faoi Chlár Fionnachtana SFI. Ar aon dul le gach clár dámhachtana de chuid SFI, seoltar iarratais ar aghaidh le haghaidh athbhreithniú idirnáisiúnta seachtach.

Bunaíodh dhá chlár nua:

- ▶ Bhí Clár Fionnachtana SFI um Thionscadail Straitéiseacha dírithe ar thacú le tionscadail náisiúnta agus réigiúnacha ar scála suntasach agus a mbeadh tionchar suntasach acu, faoina ngríosófaí daoine de gach aois agus a bhíonn ag gabháil do gach gairm bheatha chun eolas a bheith acu ar réimsí STEM, spreagadh a bhaint astu agus a bheith bainteach leo. Fuair 6 thionscadal cistiú faoin nglao seo.
- ▶ Bhí sé ina chuspóir leis an nGlao Tionscadal faoi Chlár Fionnachtana SFI tacú le hearnáil oideachais agus for-rochtana STEM in Éirinn agus í a fhorbairt trí infheistíocht a dhéanamh i gcumas sa réimse sin a fhorbairt agus a leathnú, agus trí thriail a bhaint as bealaí núíosacha rannpháirtíochta poiblí agus cumarsáide agus iad a spreagadh. Fuair 36 thionscadal maoiniú faoin nglao seo.

Glacann 250,000 duine páirt i Seachtain na hEolaíochta 2013

D'éirigh thar barr le Seachtain na hEolaíochta 2013; 'Exploring the XTRA-Ordinary' agus bhí níos mó ná 800 imeacht ar siúl ar fud na tíre, ar ghlac níos mó ná 250,000 duine páirt iontu i scoileanna, coláistí, ollscoileanna, leabharlanna, cuideachtaí agus grúpaí pobail.

Bhí seacht gcinn d'fhéilte réigiúnacha ar siúl i Sligeach, Maigh Eo, an Ghailimh, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge agus, den chéad uair, cuireadh Féile Eolaíochta Lár Tíre ar bun. Chuir Seachtain na hEolaíochta, i gcomhpháirtíocht le The Irish Times, forlíonadh eolaíochta ar fáil an tseachtain roimh Sheachtain na hEolaíochta chun na himeachtaí ar fud na tíre a chur chun cinn chomh maith le próifíliú a dhéanamh ar shlíthe beatha san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus sa mhatamaitic, agus ábhair eile a bhaineann leis an eolaíocht. Scaip The Irish Times an forlíonadh sin ar gach meánscoil ar fud na tíre.

Ina theannta sin, bhí roinnt tionscadal a fuair tacaíocht faoi Ghlaó Fionnachtana SFI ar siúl le linn mhí na Samhna ar nós 'Science on the DART' agus 'I'm a Scientist Get Me Out of Here'.



Chonacthas líon iomlán 5,368 dalta ag taispeánta a gcuid tionscadal ag SciFest

Sraith aontaí eolaíochta lae amháin is ea SciFest 2013, a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair ar bhonn áitiúil sna scoileanna agus ar bhonn réigiúnach sna hInstitiúidí Teicneolaíochta. Trí thacú le mic léinn dara leibhéal maidir lena gcuid tionscadal i réimsí ETIM a fhorbairt agus a thaispeánta, tá sé ina aidhm ag SciFest an grá do na hábhair ETIM agus an tuiscint orthu a spreagadh trí fhoghlaim atá bunaithe ar fhiosrúchán. San iomlán, chuir 5,368 mac léinn thart ar 2,262 tionscadal i láthair ag SciFest 2013, méadú 32% ar rannpháirtíocht na bliana roimhe sin. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhain buaiteoir SciFest 2013 an bua amach i gComórtas BT 2014 an Eolaí Óig chomh maith, le tionscadal difriúil.



▲ Buann Paul Clarke, Coláiste Naomh Póil, Ráth Eanaigh, an chéad duais ag SciFest 2013, sa phictiúr leis an Oll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI.



SciFest

Lean SFI ar aghaidh ag seachadadh gníomhaíochtaí oideachais agus rannpháirtíochta an phobail ar fud na tíre. Ina measc seo áirítear:

- ▶ Leathnaigh SFI a láithreacht ag Taispeántas BT an Eolaí Óig. Thug thart ar 45,000 duine cuairt ar an taispeántas i gcaitheamh na trí lá.
- ▶ Tá comhpháirtíocht rathúil i bhfeidhm le clár oideachais agus for-rochtana Innealtóirí na hÉireann, STEPS, ó 2006 i leith, agus é mar aidhm ar leith leis cur le líon na ndaoine a dhéanann staidéar ar an innealtóireacht ar an tríú leibhéal. I gcaitheamh Seachtain na nInnealtóirí i mí Feabhra, ghlac 33,000 duine páirt i 497 imeacht ar fud na tíre. Bhí ról lárnach ag STEPS i leith gníomhaíochtaí a sheachadadh faoin gclár Toghcháil Chliste [Smart Futures].
- ▶ Tá Gníomhaireacht Spáis na hEorpa/Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) in Éirinn ina gcomhthionscnamh idir Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus Clár Fionnachtana SFI chun ábhair agus gníomhaíochtaí oideachasúla a chur ar fáil a fhágfaidh go mbeidh an eolaíocht níos spreagúla do dhaoine óga trí úsáid a bhaint as breathnóireacht spás agus taiscéalaíocht spás mar théama tarraingteach ar fud na dtionscnamh ar fad i gClár Fionnachtana SFI. Cuireadh síneadh ama leis an gcomhpháirtíocht le ESA in 2013 ar feadh trí bliana eile, go dtí 2015. I measc na dtionscnamh ar tugadh fúthu mar chuid den chomhpháirtíocht sin bhí an comórtas Irish CanSat. Tháinig foireann bhuaiteach na hÉireann in 2013 (Coláiste an Phiarasaigh ó Chorcaigh) sa dara háit ina catagóir ag an gComórtas Eorpach.
- ▶ Le linn na Chéad Fhéile Fiosracha, bhí níos mó ná 70 imeacht ar siúl i lár Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Iúil, agus baint acu ar fad le téama coiteann na fiosracha. I measc na n-imeachtaí bhí díospóireachtaí, ceardlanna páistí, míreanna sealadacha eolaíochta, cainteanna, drámaí, ceardlanna, Mini-Maker Faire Bhaile Átha Cliath agus eagrán beo de 'Science Club' de chuid an BBC, leis an bhfuirseoir Dara Ó Briain, an iriseoir Alok Jha agus eolaithe éagsúla Éireannacha lena n-áirítear Shane Bergin agus Aoife McLysaght, a fuair tacaíocht ó SFI. Fuair an fhéile tacaíocht ó SFI, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an RDS, Bayer agus Matheson.
- ▶ Thacaigh SFI leis an taispeántas 'Oscillator' i nGailearaí na hEolaíochta le linn 2013.
- ▶ Bhí an Crios Eolaíochta ag an imeacht 'The Big Day Out', atá mar chuid d'Fhéile Naomh Pádraig, ar siúl ar an 16ú Márta i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

€60 milliún i ndámhachtainí déanta i gclár imscrúdaitheora SFI

An tOll Michael Gilchrist, UCD, an Dr Emma Creagh, TCD, an tOll Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI, an tUas Seán Sherlock, TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta agus an tOll Stephen O'Brien, UL.



Dámhachtainí SFI 2013

Thacaigh SFI le 307 dámhachtain nua i 20 comhlacht taighde in Éirinn in 2013.

Áirítear i measc fógraí maoinithe suntasacha SFI don bhliain 2013:

- ▶ Infheistíocht €200 milliún ó SFI thar thréimhse sé bliana i seacht Lárionad Taighde den scoth de chuid SFI i réimsí straitéiseacha lárnacha atá tábhachtach don gheilleagar.
- ▶ Rinneadh €60 milliún a infheistiú in 83 tionscadal taighde cheannródaíoch tré Chlár Fionnachtana SFI. Faoi na tionscadail taighde sin, tugtar tacaíocht dhíreach do 250 taighdeoir go dtí 2018, agus díreann ar raon réimsí a aithníodh san NRPE mar chinn lárnacha maidir le táirgí agus seirbhísí nua tráchtála a fhorbairt a bheidh bunaithe ar thaighde eolaíochta, lena n-áirítear TFC, eolaíochtaí sláinte/beatha, fuinneamh agus iomaíochas déantúsaíochta. Go dtí seo, tá naisc idir na tionscadail agus 36 cuideachta.
- ▶ In 2013, bronnadh 83 dámhachtain TIDA agus 21 dámhachtain Chomhaltachta Tionscal i réimsí a bhaineann leis an NRPE.
- ▶ Trí Dhámhachtainí SFI um Chomhoibriú Straitéiseach Idirnáisiúnta (ISCA), tá cuibhreannais institiúidí ardoideachais na hÉireann tar éis tús a chur le tógáil comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis an tSín, leis an mBrasaíl, leis an tSeapáin, agus leis an India. I mí na Nollag, dhámh SFI cistiú €4.5 milliún i gcomhair sé dhámhachtain ISCA do na tíortha thuasluaite.

- ▶ Tacaíonn an Clár Ollúnachta Taighde athbhreithnithe de chuid SFI le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta trí chuidiú le comhlachtaí taighde agus iad ag earcú taighdeoirí atá ina measc siúd is fearr ar domhan i gcomhair Ollúnachtaí, nó i gcomhair poist cheannaireachta taighde den chineál céanna i réimsí eolaíochta spriocdhírith. I mí na Bealtaine 2013, bronnadh Dámhachtain SFI um Ollúnacht Taighde ar an Ollamh Michael Zaworotko, a bhfuil post foirmiúil aige i Roinn na Ceimice, Ollscoil Florida Theas, agus ceapadh é ina Ollamh Bernall le hInnealtóireacht Criostal in Ollscoil Luimnigh. Is aige atá an 20ú háit ar domhan maidir le scór tionchair bunaithe ar an líon is mó luanna i réimse na ceimice.
- ▶ Bronnadh trí dhámhachtain faoi Dhámhachtainí an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann (PIYRA).
- ▶ Bronnadh trí dhámhachtain faoi Chlár Forbartha ERC SFI.
- ▶ Bronnadh ocht ndámhachtain faoi Chlár Tacaíochta ERC SFI.

Tá sonraí iomlána faoi gach dámhachtain SFI a faomhadh in 2013 agus anailís orthu ar leathanaigh 55 go 70.

Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla

Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2013

31 NOLLAIG 2013

Struchtúr Eagraíochtúil*



*Cairt Eagraíochtúil amhail ag Meitheamh 2014.

Comhaltaí Boird*



Ann Riordan Uasal
Cathaoirleach,
Fondúireacht Eolaíochta
Éireann



Bernie Cullinan Uasal
Leaschathaoirleach,
Fondúireacht Eolaíochta
Éireann agus POF Pragma
Advisory



An tOll Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht
Eolaíochta Éireann agus
Príomhchomhairleoir
Eolaíochta don Rialtas



An tUas Seán Aherne
Stiúrthóir Sinsearach
Oibríochtaí
American Medical Systems
Ireland Ltd



An Dr Rita R. Colwell
Ollamh Ollscoile Oirice,
Páirc an Choláiste um Ollscoil
Maryland agus Scoil Sláinte
Phoiblí Bloomberg de chuid
Ollscoil Johns Hopkins



An tUas Dermot Curran
Stiúrthóir/Ard-Rúnaí Cúnta
ar Rannóg Nuálaíochta
agus Infheistíochta na
Roinne Post, Fiontar agus
Nuálaíochta



An tUas Aidan Donnelly
Príomhfheidhmeannach,
ServeCentric Ltd



Mary Doyle Uasal
Leas Ard-Rúnaí,
an Roinn Oideachais
agus Scileanna



An Dr Pat Duane
Leas-Uachtarán Domhanda
Oibríochtaí
Creganna Tactx Medical



An tUas Peter MacDonagh
Comhairleoir Taighde



An tOll Liam Madden
Leasuachtarán
Corparáideach na
hinnealtóireachta, Xilinx



Geraldine Ruane Uasal
Comhairleoir Gnó

* I gcomhlíonadh Alt 9(3) agus Alt 9(4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 i dtaca le Ballraíocht an Bhoird, agus i bhfianaise go raibh an tréimhse seirbhíse uasta bainte amach, scoir na Comhaltaí Boird seo a leanas i mí Iúil 2013. An tOll Patrick Fottrell, an Dr Jim Mountjoy agus an Dr Martina Newell-McGloughlin.

Fógraí Reachtúla agus Eile

1. Comhaltaí Boird - Clár na Leasa

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal deachleachtais um rialachas corparáideach agus na dtreoirilínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon. I gcomhréir leis na treoirilínte sin, cláraíonn Comhaltaí Boird SFI a gcuid leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí.

2. Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

Tháinig SFI faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Tá SFI tar éis cloí le forálacha an Achta.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003.

Tá SFI ina comhlacht forordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 31 Bealtaine 2006. Cloíonn SFI go hiomlán leis an Acht. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a dhíriú ar an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, SFI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

4. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

4.(i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann SFI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002. Tá sé de nós ag SFI a chinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá gnáthaimh sainiúla i bhfeidhm a chuireann ar chumas SFI na sonraisc uile a lorg agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí uile roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an bhainistíocht sásta gur chloígh SFI le forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

4. (ii) Íocaíocht pras na Soláthraithe

Tá SFI tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riala a cuireadh i bhfeidhm ar an 1ú Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn SFI gach ráithe sa rannóg "About SFI - Customer Service" den láithreán gréasáin faoi chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

5. Cruinnithe Boird/Tinreamh

De ghnáth cuimsíonn Bord SFI 12 chomhalta, arna gceapadh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de réir mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Is é an córam atá sonraithe do Bhord SFI ná cúigear comhaltaí. Tionóladh an sé chruinniú sceidealaithe seo a leanas de Bhord SFI in 2013:

Date	Láthair	Líon an Lucht Freastail
04 Feabhra 2013	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	11/11
15 Aibreán 2013	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	10/12
10 Meitheamh 2013	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	11/12
09 Meán Fómhair 2013	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	8/9
21 Deireadh Fómhair 2013	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	8/9
16 Nollaig 2013	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	12/12

Comhaltaí Boird 2013

Ainm an Stiúrthóra	Tinreamh ag Cruinnithe Boird (6 chruinniú)
Patrick Fottrell (Cathaoirleach) (1)	3 as 3
Ann Riordan (Cathaoirleach) (2)	1 as 1
Jim Mountjoy (Leaschathaoirleach) (1)	2 as 3
Bernie Cullinan (Leaschathaoirleach) (3)	6 as 6
Sean Aherne	5 as 6
Rita Colwell	6 as 6
Dermot Curran	6 as 6
Aidan Donnelly (4)	1 as 1
Mary Doyle	5 as 6
Pat Duane	6 as 6
Mark Ferguson	6 as 6
Peter MacDonagh	6 as 6
Liam Madden (5)	4 as 5
Martina Newell-McGloughlin (1)	2 as 3
Geraldine Ruane (4)	1 as 1

- (1) I gcomhlíonadh Alt 9(3) agus 9(4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 i dtaca le Ballraíocht an Bhoird, agus i bhfianaise go raibh an tréimhse seirbhíse uasta bainte amach, scoir na Comhaltaí Boird seo a leanas i mí Iúil 2013
 - An tOll Patrick Fottrell (Cathaoirleach);
 - An Dr Jim Mountjoy; agus
 - An Dr Martina Newell McGloughlin.
- (2) Cheap an tAire Ann Riordan Uasal ina Cathaoirleach ar an mBord i mí na Nollag 2013.
- (3) Cheap an tAire Bernie Cullinan Uasal ina Leaschathaoirleach ar an mBord i mí Lúnasa 2013.
- (4) Cheap an tAire Geraldine Ruane Uasal agus an tUas Aidan Donnelly ina gcomhaltaí Boird i mí na Nollag 2013.
- (5) Cheap an tAire an tOll Liam Madden ina chomhalta Boird i mí Feabhra 2013.

Comhaltaí de Choistí an Bhoird 2013

Coiste Faofa Deontas

An Dr Martina Newell-McGloughlin (Cathaoirleach go dtí mí Iúil 2013), an tUas Peter MacDonagh (Cathaoirleach ó mhí Iúil 2013), an Dr Rita Colwell, an tOll Mark Ferguson, an tUas Martin Lyes (ó mhí Dheireadh Fómhair 2013).

Coiste Iniúcháireachta SFI

Bernie Cullinan Uasal (Cathaoirleach), an tUas Aidan Hodson, an tUas Sean Aherne agus an Dr Pat Duane.

Cruinnithe Fhochoiste an Bhoird

1. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta.
2. Bhí trí chruinniú (fíorúil) ag an gCoiste Faofa Deontas.

6. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tacaíonn SFI go hiomlán le prionsabal na gcomhdheiseanna fostaíochta. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn dath, cine, náisiúntacht, claonadh gnéasach, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó áit dúchais), reiligiún, inscne, stádas pósta, aois nó míchumas. Tá tiomantas SFI i leith cur chun feidhme na gcomhdheiseanna léirithe ina beartais, ina cleachtais agus nósanna imeachta, earcaíocht, ardú céime, oiliúint, teanga neamh-idirdhealaitheach a úsáid i ndoiciméid agus foilseacháin de chuid na cuideachta. Is é an cuspóir ná a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaitear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolas agus a gcáilíochtaí amháin.

7. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta thuasluaite, cuireann SFI i gcomhairle le GFT Éireann, bearta oiriúnacha i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe agus cuairteoirí uile chuig a hoifigí a chosaint.

8. Cairt na gCliant

Tá Cairt na gCliant foilsithe ag SFI ina leagtar amach a tiomantas i ndáil le hardchaighdeán seirbhíse. Áirítear nós imeachta chun déileáil le gearáin sa Chairt seo. Ní bhfuarthas gearán ar bith faoin gCairt in 2012.

9. Tuairiscíú ag Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

